



Polasaí Raidió na Life um Chosaint Leanaí & Aosaigh Leochaileacha

Leagan: 21 Feabhra 2019

CLÁR ÁBHAR i nGAEILGE:

Réamhrá	5
1. Ráiteas Polasaí Raidió na Life um Chosaint Leanáí & Aosaigh Leochaileacha	6
2. Cearta Dhaoine Óga & Aosaigh Leochaileacha	6
3. Bunluachanna na hOibre Óige i Raidió na Life	6
4. Cód Eitice & Dea-Chleachtais Raidió na Life	7
5. Treoirlínte do Bhaill Foirne	
I. Ginearálta	
II. Timpistí agus Eachtraí	
III. Líomhaintí agus Drochíde	7
6. Iompar do-ghlactha i Raidió na Life	9
7. Suíomhanna le seachaint agus tú ag obair le Páistí / Déagóirí agus/nó Daoine Leochaileacha	9
8. Struchtúir Acmhainní Daonna & Thuairiscithe Raidió na Life	10
9. Comharthaí Mí-Úsáide & Forais Réasúnta Imní	10
10. Na Cineálacha Mí-Úsáide Leanáí agus An Chaoi Inar Féidir Iad Aithint	11
I. Faillí	
II. Mí-úsáid Mhothúchánach	
III. Mí-úsáid chorpartha:	
IV. Drochúsáid Ghnéasach	
V. Na cúinsí ina n-éiríonn leanáí níos leochailí don díobháil	
VI. Tromaíocht	
11. An Reachtaíocht Ábhartha	17
12. Plé le Líomhain Siarghabhálach	18
13. Oifigeach Um Chosaint Leanáí	19
Ag Déileáil le hAmhras / Faisnéis / Líomhaintí	20
I. Na céimeanna a mholann Raidió na Life	
Foirm Iarratais d'Oibríthe Deonacha / Saorálaithe	23
Cuireadh chun Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána	25
Foirm Teistiméireachta d'Oibríthe Deonacha / Saorálaithe	27
Volunteer Reference Form	28

Foirm Cheadaithe ó Thuismitheoirí	29
Foirm Faisnéise	32
Úsáid an Idirlín, na Meáin Shóisialta, Íomhánna, srl.	36
Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (FSS/HSE) / An Garda Síochána – Sonraí Teagmhála	59

CONTENTS IN ENGLISH:

Introduction	42
1. Raidió na Life Policy Statement on the Protection of Children and Vulnerable Adults	43
2. The Rights of Young People and Vulnerable Adults	43
3. Main Values of Youth Work in Raidió na Life	43
4. Raidió na Life Code of Ethics and Good Practice	44
5. Guidelines for Staff Members	44
I. General	
II. Accidents and Incidents	
III. Allegations and Abuse	
6. Unacceptable Behaviour in Raidió na Life	46
7. Situations to be avoided	46
8. Raidió na Life’s Human Resource & Reporting Structures	47
9. Types of Child Abuse and How They May Be Recognised	47
I. Neglect	
II. Emotional Abuse	
III. Physical Abuse	
IV. Sexual Abuse	
V. Circumstances which may make children more vulnerable to harm	
VI. Bullying	
10. Relevant legislation	53
11. Dealing with a retrospective allegation	54
12. Child Protection Officer	55
Dealing with a Suspicion / Information / Allegation	56
I. Steps recommended by Raidió na Life	

Health Services Executive (HSE) / An Garda Síochána – Contact Details

59

Réamhrá

Tá an Polasaí seo um Chosaint Leanaí & Aosaigh Leochaileacha forbartha agus foilsithe ag Raidió na Life le cabhrú linn an chosaint is fearr agus is féidir linn a thabhairt do dhaoine óga agus aosaigh (daoine fásta) leochaileacha a ghlacann páirt sa stáisiún ar bhealach ar bith nó go mbíonn teagmháil acu leis an stáisiún.

Ní haon chosaint é go mbeadh polasaí againn. Ní féidir le polasaí ar bith ann féin daoine óga nó aosaigh leochaileacha a chosaint, laistigh nó lasmuigh de Raidió na Life. Caithfear struchtúr a chur i bhfeidhm a chinntíonn go bhfuil an t-eolas cuí ag daoine óga, tuismitheoirí, cúramóirí, saorálaithe / oibríthe deonacha agus ag baill foirne. Ní mór do chuile dhuine acu seo tuiscint a bheith acu ar céard is dea-iompar ann agus céard iad na nithe nach bhfuil ceadaithe sna gnéithe d'obair an stáisiúin a bhaineann le daoine óga agus aosaigh leochaileacha. Fad is atá páistí, déagóirí nó aosaigh leochaileacha ag glacadh páirte sa stáisiún tá ról tábhachtach againn na daoine sin a chosaint ó dhochar.

Tá treoirínnte againn chun an méid atá sa Pholasaí seo a chur i bhfeidhm. Is é sin, oiliúint a chur ar dhaoine a bhíonn ag obair le daoine óga agus/nó le haosaigh leochaileacha i Raidió na Life, maidir le 'Cearta an Duine Óig' agus cearta ag aosaigh leochaileacha.

Sásaíonn an polasaí agus na treoirínnte seo atá curtha le chéile againn an dualgas atá orainn de réir 'Tús Áite do Leanaí'* ('Children First') le polasaí dá leithéid a sholáthar. Is ar mhaithe le caighdeán oibre an stáisiúin atá seo á dhéanamh againn. Beidh feidhmiú an Pholasaí agus na dTreoirínnte seo ag cosaint bhaill foirne, oibríthe deonacha (saorálaithe), daoine óga agus aosaigh leochaileacha araon agus léiríonn sé do thuismitheoirí agus do chúramóirí go bhfuilimid lán-dáiríre faoin mbealach ina dtugtar faoi chosaint iomlán an duine óig nó an aosaigh leochailigh fad is tá siad faoinár gcúram.

Is é aidhm na dtreoirínnte ná struchtúr cuimsitheach a chur i bhfeidhm chun cuidiú le baill foirne lánaimseartha/páirtaimseartha agus le daoine eile a bheidh i dteagmháil le daoine óga agus/nó aosaigh leochaileacha i Raidió na Life agus a mbeadh fonn orthu déileáil le himní de shórt ar bith a bheadh orthu maidir lena sábháilteacht agus lena leas.

Beidh orainn oiliúint rialta a sholáthar lena chinntiú go bhfuil gach ball foirne agus gach ball san eagraíocht ar an eolas faoin ábhar seo. Tá agus beidh Polasaí agus Treoirínnte ar Chosaint Leanaí & Aosaigh Leochaileacha mar chuid d'obair Raidió na Life as seo amach.

*Tá An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 ar fáil ag <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/act/36/enacted/en/pdf>

1. Ráiteas Polasaí Raidió na Life um chosaint Dhaoine Óga & Aosaigh Leochaileacha

Tá leas gach ball foirne agus gach oibrí deonach / saorálaí sa stáisiún tábhachtach do Raidió na Life.

Is mian le Raidió na Life oiliúint a chur ar fáil dá bhaill foirne chun aidhmeanna an stáisiúin a bhaint amach sa tslí is gairmiúla agus is féidir. Sa chomhthéacs seo, bímid ag súil le hiompar d'ard-chaighdeán i gcónaí ónár mbaill foirne. Tá sé seo **rí-thábhachtach** go háirithe in aon ghné dár gcuid oibre a bhaineann le daoine óga agus/nó le haosaigh leochaileacha.

Má ardaítear ceist drochíde ar bith i Raidió na Life, moltar do bhaill foirne an Polasaí seo a leanúint agus teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Um Chosaint Leanáí (OCL) láithreach. Muna bhfuil an OCL ar fáil, déan teagmháil leis an Leas-Oifigeach Um Chosaint Leanáí (LOCL).

2. Cearta Dhaoine Óga & Aosaigh Leochaileacha

Glacann Raidió na Life leis gurb ionann páiste, leanbh nó duine óg agus duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, ach amháin duine atá nó a bhí pósta. Ar mhaithe le críche an Pholasaí seo, nuair a úsáidfeá na téarmaí "leanbh" / "leanaí" / "páiste" / "páistí" / "duine óg" / "daoine óga", glacfar leis gurb é an sainmhíniú seo atá i gceist, cuma cé acu téarma díobh seo a úsáidtear.

Níl aon sainmhíniú ar cad is 'aosach leochaileach' ann go nglactar go huilíoch leis. San am atá thart, bhí an cur síos a leanas á úsáid ag An Garda Síochána le cur síos a dhéanamh ar aosach leochaileach: 'Daoine fásta atá os cionn ocht mbliana déag d'aois go bhfuil seirbhísí cúraim de dhíth orthu de bharr míchumas fisiciúil nó meabhrach, aois nó tinneas agus nach bhfuil nó go mb'fhéidir nach mbeidh siad in ann aire a thabhairt dóibh féin nó nach bhfuil siad in ann iad féin a chosaint ó dhochar suntasach nó dúshaothrú'.

Agus an Polasaí seo á scríobh, níl an chosaint reachtach céanna ann d'aoisigh leochaileacha is atá do pháistí. Mar sin, rachfar i ngleic le haon ábhar inní mar gheall ar leas aoisigh leochailigh i Raidió na Life cás ar chás de réir dea-chleachtas sa réimse seo. Déanfar uasdátú ar an bpolasaí seo de réir mar a thagann forbairtí ar aon reachtaíocht ábhartha.

I dtaca le cearta an duine óg, aithníonn Raidió na Life go bhfuil cearta tábhachtacha ag daoine óga atá ábhartha dá gcuid rannpháirtíochta i Raidió na Life, go mór mhór cearta a bhaineann le bheith saor ó fhoréigean, ó dhrochíde agus ó mhí-úsáid. Aithnítear go bhfuil na cearta céanna seo ag aoisigh leochaileacha, agus go deimhin ag gach saorálaí agus ag gach ball foirne sa stáisiún.

3. Bunluachanna na hOibre Óige i Raidió na Life

De réir bhunluachanna oibre óige le daoine óga sa stáisiún caithfidh an obair atá idir lámha ag Raidió na Life le daoine óga:

- **A bheith oideachasúil**
- **Rannpháirtíocht a chothú**
- **Daoine óga a chumasú**
- **Comhionannas deiseanna a chur chun cinn**

4. Cód Eitice & Dea-Chleachtais i Raidió na Life

Tá sé mar pholasaí ag Raidió na Life glacadh le Cód Eitice agus Dea-Chleachtais chun treoir a thabhairt do bhaill foirne agus saorálaithe agus a n-aird a dhíriú ar na míreanna seo a leanas:

- Gur gá go gcosnófaí daoine óga agus aosaigh leochaileacha atá faoinár gcúram ag aon am ar leith ó dhochar.
- Gur gá go gcosnófaí baill foirne agus saorálaithe ó líomhaintí bréige.
- Go n-aithnítear go bhfuil cearta ag daoine óga agus ag daoine fásta araon mar dhaoine aonair agus nach mór dóibh meas a bheith acu ar a chéile.
- Go mbunaítear teagmháil le tuismitheoirí aon duine atá ag obair linn atá faoi bhun 18.
- Go gcaitear le cásanna ina bhfuil amhras faoi dhrochíde de réir an Pholasaí seo agus go gcloítear leis an modh taifeadta do chásanna ina bhfuil amhras faoi dhrochíde go ndéantar cur síos air sa Pholasaí seo.
- Go bhfuil córas earcaíochta agus oiliúna i bhfeidhm sa stáisiún a chinntíonn agus a chinnteoidh gur baill foirne d'ardchaighdeán a fhostaítear agus atá ag obair i Raidió na Life.
- Go bhfuil córas smachta i bhfeidhm d'fhostaithe agus do shaorálaithe na heagraíochta.
- Go bhfuil dóthain maoirseoireachta agus teorainneacha i bhfeidhm sna himeachtaí a bhíonn ar siúl againn, áit go mbeadh daoine óga nó aosaigh leochaileacha páirteach iontu, ar nós (ach gan a bheith teoranta do) ceardlanna, craoltaí seachtracha srl.
- Go bhfuil imeachtaí eagraithe sa chaoi is go mbaintear uasmhéid spraoi, foghlama, sábháilteachta agus rannpháirtíochta as gach imeacht.
- Go bhfuil na háiseanna agus an foirgneamh atá in úsáid ag an stáisiún sábhailte do gach duine, daoine óga agus aosaigh leochaileacha san áireamh.
- Go bhfuil gach imeacht agus teacht le chéile clúdaithe faoi Árachas Dliteanas Poiblí Raidió na Life.
- Go bhfaightear cead i scríbhinn ó thuismitheoirí le go nglacfaidh daoine faoi bhun 18 páirt sa stáisiún. (Tá foirm ar leathanaigh 20-22 den lámhleabhar seo)

5. Treoirínte do Bhaill Foirne

Le treán-iarracht a dhéanamh lena chinntiú nach ndéanfar mí-úsáid ar dhaoine óga ná ar aosaigh leochaileacha, agus nach ndéanfar líomhaintí bréige, ba chóir do bhaill foirne na treoirínte seo a leanas a leanúint:

Ginearálta:

- Bí ar an eolas faoi do chúraimí mar bhall foirne i dtreo dhaoine óga agus aosaigh leochaileacha atá ar an láthair i Raidió na Life.
- I gcás go gcuirtear droch-iompar i leith saorálaí óg i Raidió na Life agus go bhfuil gá leis an droch-iompar a léiriú don duine sin, moltar go mbeidh beirt bhall foirne i láthair chun an cás a phlé leis an té go bhfuil líomhain á déanamh ina c(h)oinne.
- Tugtar foláireamh do bhaill foirne agus saorálaithe Raidió na Life go bhfuil sé riachtanach nach gcuirfí isteach ar aon oibrí deonach agus iad sna leithris, nó in aon áit eile a mheasfaí a bheith príobháideach.
- Más gá cruinniú duine-ar-dhuine a eagrú le hoibrí deonach óg, cinntigh go gcuirtear ball eile foirne ar an eolas mar gheall ar an gcruinniú agus go bhfuil siad ar fáil ar an láthair. Cinntigh go bhfágтар doirse ar oscailt. Má tá gá le príobháideachas de bharr nádúr an chomhrá, bíodh ar a laghad radharc soiléir trí

fhuinneoga agus/nó doirse an tseomra ina bhfuil an cruinniú duine-ar-dhuine ag tarlú agus spásanna comónta oscailte ar nós spás oifige oscailte ginearálta an stáisiúin, áit a bhfuil daoine eile lonnaithe.

- Táthar ag súil le hardchaighdeán iompair agus dea-bhéasa ó bhaill foirne agus ó shaorálaithe má tá siad ag glacadh páirte in imeachtaí nó ag taisteal taobh amuigh den stáisiún.
- Tá sé riachtanach do bhaill foirne Raidió na Life gach deis a ghlacadh freastal ar chúrsaí oiliúna, nuair a thugann an Bainisteoir Stáisiúin treoir dóibh é sin a dhéanamh.

Timpistí agus Eachtraí:

- **Coimeád leabhar timpistí agus eachtraí** ina dtugtar dátaí agus sonraí aon timpiste nó eachtra a thuairiscítear, sínte ag an mball foirne a bhí i láthair nuair a tharla an timpiste nó an eachtra (nó ar inis an duine óg nó an t-aosach leochaileach dóibh faoin eachtra) agus, nuair is féidir, é seo a bheith sínte freisin ag an mBainisteoir Stáisiúin.
- Ní mór gach cás drochiompair ag saorálai óg nó ag aosach leochaileach a bhreacadh síos i bhfoirm thuairisce sa leabhar timpistí/eachtraí a bheidh curtha i dtaisce in áit slán, phríobháideach ag an mBainisteoir Stáisiúin.
- Sa tuairisc seo ba cheart na nithe seo a leanas a bhreacadh síos:
 - a) **Cad a tharla?**
 - b) **Cé a bhí i láthair ag an am?**
 - c) **Am agus áit a tharla an eachtra.**
 - d) **Na ráitis éagsúla a tharla / a dúirt an saorálai/na saorálaithe, nó daoine eile a bhí i láthair.**
 - e) **Aon ghortú nó damáiste d'aon duine i Raidió na Life.**
 - f) **Moltaí chun an cás a réiteach.**

Líomhaintí agus Drochíde:

- Cinntigh go ndéantar taifead d'aon líomhain a dhéanann duine óg nó aosach leochaileach. (Tá foirm ar leathanaigh 23-26 sa Lámhleabhar seo)
- Éist go cúramach lena bhfuil le rá ag daoine óga nó aosaigh leochaileacha atá faoi do chúram.
- Déan taifead cruinn den méid a thuairiscítear.
- Breac síos dáta agus am gach líomhain.
- Iarr ar an duine an cháipéis/an fhoirm a shíniú, tar éis dóibh an méid atá scríofa síos a léamh.
- Ná scríobh ar an bhfoirm thuairiscithe tar éis di a bheith sínte agat féin agus ag an duine a dhéanann an líomhain.
- Tabhair cóip den bhfoirm sínte don mBainisteoir Stáisiúin.
- Cinntigh go gcuirtear an fhoirm i dtaisce in áit slán, sábhailte agus rúnda go dtí gur féidir an fhoirm a thabhairt don mBainisteoir Stáisiúin/Oifigeach um Chosaint Leanaí nó don Leas-Oifigeach um Chosaint Leanaí, rud a ba chóir a dhéanamh chomh luath agus is féidir.

6. Iompar do-ghlactha i Raidió na Life

Is é sprioc na dtreoirí seo ná baill foirne agus oibrithe deonacha a spreagadh le hardchaighdeán a bheith acu ina gcuid oibre le daoine óga agus/nó le haosaigh leochaileacha agus le díograis chúí a bheith i bhfeidhm ionas go seachnófar iompar do-ghlactha, ag aithint ag an am céanna go bhféadfaí go dtarlódh iompar nach bhfuil inghlactha nó go measfaí gur tharla a leithéid.

Is gá do bhaill foirne agus d'oibrithe deonacha aird a thabhairt ar an teorainn idir chaidreamh oibre agus caidreamh cairdis idir rannpháirtithe. D'fhéadfadh iompar nach bhfuil inghlactha tosnú mar gheall ar shárú ar na teorainneacha sin.

Níl an cineál iompar seo a leanas inghlactha i measc dhaoine óga, oibrithe deonacha agus baill foirne:

- Ag déanamh beag is fiú de dhaoine eile
- Ag cur náire ar dhaoine eile
- Déileáil go fabhrach le daoine áirithe seachas daoine eile
- Gan ligean do dhaoine áirithe páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí
- Ag glaoch ainmneacha ar dhaoine
- Caint nó geáitsí maslacha
- Sciolladóireacht
- Pleidhcíocht gharbh nó teagmháil neamhfhoirsteanach
- Tagairtí do ghnéas (ar a n-áirítear caint, scéalta grinn agus geáitsí)
- Bulaíocht - bíodh sí fisiciúil nó ó bhéal
- Moltar do bhaill foirne a bheith aireach maidir le cursaí grinn - go háirithe má dhéanann an greann tagairt do chúrsaí gnéis. Ba cheart do bhaill foirne a bheith aireach faoi seo sa suíomh oibre go ginearálta, ach tá cosc ar a leithéid os comhair oibrithe deonacha óga agus aosaigh leochaileacha go háirithe.

Níl an cineál iompair a luaitear thuas inghlactha agus d'fhéadfadh go mbeadh mar thoradh air go gcuirfí gnímh araíonachta i bhfeidhm ar bha(i)ll foirne agus/nó ar shaorálai(the). Déanfaidh an Bainisteoir Stáisiúin/Oifigeach um Chosaint Leanáí iarracht sa chéad áit dul i ngleic lena leithéid de sháraithe ar an bPolasaí seo de réir Rialacha an Stáisiúin agus conarthaí saorálaithe, nó i gcásanna a bhaineann le ba(i)ll foirne, de réir na nósmaireachtaí araíonachta a leagtar amach i Lámhleabhar Foirne Raidió na Life. I gcásanna tromchúiseacha, d'fhéadfadh an Bainisteoir Stáisiúin nó an Leas-Oifigeach um Chosaint Leanáí na hÚdaráis Reachtúla a chur ar an eolas.

7. Suíomhanna le seachaint agus tú ag obair le Páistí / Déagóirí agus/nó Daoine Leochaileacha

Seachain na suíomhanna seo a leanas agus tú ag obair le daoine óga agus/nó aosaigh leochaileacha i Raidió na Life, a oiread agus is féidir.

- Más féidir, ná bí i d'aonair le páiste/déagóir nó le haosach leochaileach.
- Ná tabhair páistí/déagóirí nó aosaigh leochaileacha leat i ngluaiseán ach amháin i gcás éigeandála.
- Ná tabhair páistí/déagóirí/aosaigh leochaileacha leat chuig do theach féin.
- Níl cead ag daoine óga ná ag aosaigh leochaileacha páirt a ghlacadh i dturais thar oíche leis an stáisiún nó in imeachtaí ina bhfuil fanacht thar oíche i gceist.
- Níl cead ag daoine óga freastail ar ócáidí shóisialta de chuid an stáisiúin ina bhfuil glacadh alcóil i

gceist (i.e. deochanna tar éis na hoibre i dteach tábhairne).

- Moltar do bhaill foirne Raidió na Life gan níos mó ná deichniúir daoine óga a bheith faoina gcúram ag aon am amháin, ach amháin más grúpa páistí atá ag freastail ar an stáisiún mar chuid de ghníomhaíocht eagraithe scoile atá i gceist agus go bhfuil a múinteoir scoile, nó ionadaí cuí eile atá údaraithe ag an scoil, i bhfeighil orthu agus iad ar an láthair. I gcásanna dá leithéid, is féidir le ball foirne amháin a bheith ag obair le rang scoile iomlán, chomh fada agus go bhfuil múinteoir scoile nó ionadaí i láthair ag an am céanna.
- I gcásanna áirithe, ar mhaithe le sábháilteacht agus ag glacadh san áireamh an cineál ar leith ócaíde nó imeachta atá beartaithe, ba chóir do bhaill foirne níos lú leanáí a bheith faoina gcúram. Má tá amhras ar bhall foirne, ba chóir dóibh é seo a phlé leis an mBainisteoir Stáisiún.
- Moltar do bhaill foirne gan páirt a ghlacadh i spóirt le daoine óga i Raidió na Life, go háirithe nuair atá teagmháil fhísiciúil i gceist. Ba cheart cúram ar leith a chinntiú in áiteanna áirithe m.sh. linn snámha. Go ginearálta, tá sé níos fearr gan aon pháirt a ghlacadh i spóirt le leanáí a bhfuil baint acu leis an stáisiún.

8. Struchtúir Acmhainní Daonna & Struchtúir Thuairiscithe Raidió na Life

Oibrí Deonach

Tá formhór na n-oibríthe i Raidió na Life, go mór mhór craoltóirí an stáisiún, ina n-oibríthe deonacha. Ní mór do gach oibrí deonach a bheith cláraithe leis an mBainisteoir Stáisiún. Tá sé seo fíor-thábhachtach d'oibríthe deonacha faoi 18 mbliana d'aois agus d'aoisigh leochaileacha.

An Bord Stiúrtha

An Bord Stiúrtha ('an Bord') atá i gceannas ar Raidió na Life ag an leibhéal is airde. Tá an Bainisteoir Stáisiún freagrach don mBord, a thugann treoir dó/di maidir le bainistiú an stáisiún agus plean oibre don stáisiún a chur i gcrích.

Foireann Raidió na Life

Tá foireann lánaimseartha de thriúr fostaithe i Raidió na Life. Is iad sin an Bainisteoir Stáisiún, an Clár Reachtaire agus an Teicneoir. Tá beirt bhall foirne páirtaimseartha ag an stáisiún – is iad sin an Maor Deireadh Seachtaine agus an tOifigeach Forbartha & Oiliúna.

Tá an Bainisteoir Stáisiún i gceannas ar an bhfoireann agus is féidir teagmháil a dhéanamh leis/léi ag Oifig Raidió na Life ag 01 6616333 agus/nó ag bainisteoir@raidionalife.ie.

9. Comharthaí Mí-Úsáide & Forais Réasúnta Imní

Ba chóir go dtabharfá eolas do Tusla i gcónaí nuair a bhíonn **forais réasúnta imní** agat go mb'fhéidir go raibh, go bhfuil, nó go mbíonn leanbh i mbaol a mí-úsáide ná a bhfaillí. Má dhéanann tú neamhaird ar airíonna féideartha na mí-úsáide, d'fhéadfaí díobháil leanúnach bheith á déanamh don leanbh. Ní gá duit a chruthú gur tharla mí-úsáid chun imní a thuairisciú do Tusla. Ní theastaíonn ach go mbíonn forais réasúnta imní agat. Is é ról Tusla chun measúnú a dhéanamh ar na himníocha a tuairiscíodh di. Má thuairiscíonn tú imní éigin, bí ar do shuaimhneas go mbreithneofar d'eolas go cúramach le haon eolas eile a bhíonn ar fáil, agus go ndéanfar measúnú cosanta leanáí mar a n-aithnítear dóthain priacail.

Áirítear leis forais réasúnta d'imní cosanta nó leasa faoi leanbh:

- Fianaise, gortú nó iompar mar shampla, ar comhsheasmhach í leis an míúsáid agus nach dócha go

raibh cúis éigin eile leo ar bhealach ar bith eile

- Imní ar bith faoi mhí-úsáid fhéideartha
- Comharthaí comhsheasmhacha go bhfulaingíonn an leanbh le faillí mhothúchánach nó cholanda
- Leanbh a deir nó a thugann le fios ar bhealach éigin eile go ndearnadh mí-úsáid dóibh
- Admháil nó tásc le haosach nó le leanbh faoi mhí-úsáid líomhnaithe a rinne siad
- Cuntas ó dhuine a chonaic an leanbh á mí-úsáid

10. Na Cineálacha Mí-Úsáide Leanaí Agus An Chaoi Inar Féidir Iad A Aithint

Is féidir an mhí-úsáid leanaí a rangú ina ceithre chineál éagsúla: faillí, mí-úsáid mhothúchánach, mí-úsáid chorpartha agus mí-úsáid ghnéasach. Is féidir leanbh bheith faoi chineál mí-úsáide amháin nó níos mó ag tráth ar bith. Is féidir leis an mí-úsáid agus leis an bhfaillí tarlú laistigh den teaghlach, sa phobal nó i suíomh institiúideach. Féadann an mí-úsáideoir bheith ina nduine aitheanta nó ina strainséir don leanbh, agus is féidir leo bheith ina n-aosach nó ina leanbh eile. Sa chás go líomhnaítear gur leanbh éigin eile a rinne an mhí-úsáid, ba chóir duit í a mheas ina saincheist leasa agus cosanta linbh don bheirt leanaí, agus ba cheart duit cloí le nósanna imeachta um chosaint leanaí don íospartach agus don mhí-úsáideoir líomhnaithe araon.

Is é an fachtóir tábhachtach nuair a thagtar ar chinneadh an mí-úsáid nó faillí atá san iompar ná tionchar an iompair sin ar an leanbh seachas rún an tuismitheora/chúramóra.

Ní sainmhínte dlíthiúla atá sna sainmhínte faillí agus mí-úsáide a thugtar sa chuid seo. Tá siad ceaptha bheith ina gcur síos ar bhealaí ina bhfeicfeadh leanbh mí-úsáid agus an chaoi inar féidir an mhí-úsáid sin a aithint.

Faillí:

Is í an fhaillí linbh an chatagóir mí-úsáide is minice a thuiriscítear, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Aithnítear an fhaillí leanúnach ainsealach de bheith fíordhíobhálach d'fhorbairt agus d'fholláine an linbh, agus féadann iarmhairtí diúltacha fadtéarmacha tromchúiseacha bheith léi.

Tarlaíonn an fhaillí nuair nach bhfaigheann leanbh dóthain cúraim nó maoirseachta sa mhéid agus go ndéantar díobháil cholanda nó fhorbartha don leanbh. Sainmhínítear í go ginearálta i dtéarmaí an chúraim, mar a mbíonn sláinte, forbairt nó leas linbh lagaithe de bharr easpa bia, éadaí, teasa, sláinteachais, cúraim leighis, spreagtha intleachtúil nó maoirseachta agus sábháilteachta. Féadann faillí mhothúchánach teacht freisin ó dheacrachtaí ceangail bheith ag an leanbh. Feidhmíonn réimse fachtóirí dul i bhfeidhm ar mhéid na díobhála ar shláinte, forbairt nó leas an linbh. Áirítear leis na fachtóirí sin méid, más ann dó, an tionchair dhearfáigh ar shaol an linbh chomh maith le haois an linbh agus minice agus comhsheasmhacht na faillí.

Baineann an fhaillí leis an mbochtanas, ach ní hamhlaidh gurb é an bochtanas is cúis léi. Tá sí ceangailte go láidir le drochúsáid substaintí ag tuismitheoirí, leis an bhforéigean teaghlaigh, le meabhairghalar tuismitheora agus leis an míchumas.

Bheadh imní réasúnta do leas an linbh ann nuair a éiríonn an fhaillí ina gné choitianta sa ghaol idir an leanbh agus an tuismitheoir nó an chúramóir. D'fhéadfadh sí sin éirí soiléir mar a bhfeiceann tú leanbh thar thréimhse ama, nó féadann iarmhairtí na faillí bheith follasach bunaithe ar amharc amháin ar an leanbh.

Is gnéithe iad seo a leanas den fhaillí linbh:

- Leanáí fágtha ina n-aonar gan dóthain cúraim agus maoirseachta
- Míchothú, easpa bia, bia mí-oiriúnach nó beathú neamhrialta
- Gan forás ar chúis neamhorgánach, .i. leanbh gan bheith ag méadú ina meáchan; ní hamháin de bharr míchothaithe ach de bharr díothachta mothúchánaí freisin
- Teip chun dóthain cúraim a sholáthar d'éilimh leighis agus forbartha an linbh, lena n-áirítear spreagadh intleachtúil
- Coinníollacha cónaithe neamhdhóthanacha - coinníollacha míshláintiúla, saincheistanna comhshaoil, lena n-áirítear easpa teasa agus troscáin leordhóthanaigh
- Easpa éadaí cuí
- Neamhaird don sláinteachas bunúsach
- Easpa cosanta agus nochtadh don chontúirt, lena n-áirítear contúirt mhorálta, nó easpa maoirseachta iomchuí d'aois an linbh
- Mainneachtain mharthanach chun freastal ar scoil
- Tréigean nó fágáil

Mí-úsáid mhothúcháinach :

Is ionann an mhí-úsáid mhothúcháinach drochíde chórasach mhothúcháinach nó shíceolaíochta an linbh mar chuid den chaidreamh for-iomlán idir cúramóir agus leanbh. Deacrachtaí aonuaire agus anois is arís idir tuismitheoir/cúramóir agus leanbh; ní mheastar iad ina mí-úsáid mhothúcháinach. Tarlaíonn an mhí-úsáid nuair nach sásaítear éileamh bunúsach linbh d'aird, cion, dearbhú, comhsheasmhacht agus slándáil, de bharr éagumais nó neamhshuime óna dtuismitheoirí nó óna gcúramóir. Is féidir leis an mí-úsáid mhothúcháinach tarlú nuair a bhíonn aosaigh ar freagrach iad as cúram a thabhairt do leanáí neamhfheasach agus gan bheith ábalta (ar réimse cúiseanna) éilimh mhothúcháin agus forbartha a leanáí a shásamh. Ní so-aitheanta í an mhí-úsáid mhothúcháinach toisc nach bhfeictear na héifeachtaí go furasta.

Bheadh inní réasúnta do leas an linbh ann nuair a éiríonn an t-iompar ina ghné choitianta sa chaidreamh idir an leanbh agus an tuismitheoir nó an cúramóir.

Is féidir an mhí-úsáid mhothúcháinach a fheiceáil i roinnt de na bealaí seo a leanas:

- Diúltú
- Easpa compoird agus grá
- Easpa ceangail
- Easpa spreagtha iomchuí (m.sh. spraoi agus súgradh)
- Easpa leanúnachais chúraim (m.sh. gluaiseachtaí rialta, go háirithe cinn neamhphleanáilte)
- Easpa leanúnach molta agus spreagtha
- Cáineadh, searbas, naimhdeas nó milleán buanseasmhach ar an leanbh
- Tromaíocht
- Tuismitheoireacht choinníollach ina mbraitheann cúram nó cion don leanbh ar a gcuid iompair nó gníomhartha
- Róchasantacht mhíchuibheasach
- Pionós neamhcholata míchuí (m.sh. leanbh a chur faoi ghlas i seomra leapa)
- Coimhlintí teaghlaigh leanúnacha agus foréigean teaghlaigh
- Ionchais rí-míchúí de leanbh i gcoibhneas lena n-aois agus lena gcéim forbartha

Ní fhéadann comhartha ar bith den mhí-úsáid mhothúcháinach bheith ann mura dtarlaíonn sí le cineál mí-úsáide éigin eile. Féadtar comharthaí na mí-úsáide mothúchánaí a fheiceáil i leanbh éigin trína mbearta nó trína

mothúcháin ar roinnt bealaí. Áirítear leo sin ceangal neamhdhiongbháilteachta, míshonas, lagmheas orthu féin, tearcghnóthachtáil oideachasúil agus forbartha, glacadh rioscaí agus iompar ionsaitheach.

Ba chóir go dtabharfaí faoi deara nach mbíonn táscaire ar bith ina fhianaise dhochloíte den mhí-úsáid mhothúcháin. Is dóichí go rachaidh an mhí-úsáid mhothúcháin i bhfeidhm go diúltach ar leanbh mar a maireann sí thar thréimhse fhada agus mar a mbíonn easpa fachtóirí cosantacha eile.

Mí-úsáid chorportha:

Is ionann an mhí-úsáid chorportha agus pé uair a dhéanann duine éigin díobháil cholanda do leanbh d'aontoil nó a chuireann iad i mbaol bheith gortaithe go colanda. Féadann sí tarlú mar theagmhas amháin nó mar phatrún teagmhas. Bíonn imní réasúnta ann mar a ndéantar, nó mar a bhféadfadh díobháil bheith déanta do shláinte agus/nó forbairt an linbh mar thoradh ar mhí-úsáid chorportha amhrasach.

Is féidir na gnéithe seo a leanas a áireamh leis an mí-úsáid chorportha:

- Pionós corportha
- Greadadh, buille boise, bualadh nó ciceáil
- Brú, creathadh nó caitheamh
- Baint liomóg, baint plaice, tachtadh nó tarraingt gruaige
- Úsáid an fhórsa iomarcaigh le láimhsiú
- Nimh a thabhairt do dhuine d'aonghnó
- Plúchadh
- Tinneas cumtha/spreagtha
- Ciorrú baill ghiniúna ban

Áirítear foráil leis an Acht um Thús Áite do Leanáí 2015 lena gcealaítear an chosaint sa dlí coiteanna den smachtú réasúnta in imeachtaí cúirte. D'fhéadfaí an chosaint sin a agair le tuismitheoir nó duine éigin eile in údarás a smachtaigh leanbh go colanda. Ciallaíonn an t-athrú sa reachtaíocht anois i gcás na n-ionchúiseamh a bhaineann le hionsaí nó le cruálacht cholanda, duine a riarann an pionós úd le leanbh nach féidir brath ar an gcosaint de smachtú réasúnta in imeachtaí dlíthiúla. Is éard is toradh ón méid sin go mbíonn feidhm anois ag na cosaintí sa dlí a bhaineann le hionsaí do leanbh ar an gcaoi chéanna agus a bhíonn feidhm leo i gcás aosaigh.

Drochúsáid ghnéasach:

Tarlaíonn an drochúsáid ghnéasach nuair a bhaineann duine éigin eile leas as leanbh dá sásamh nó dá spreagadh gnéasach, nó do shásamh nó spreagadh daoine eile. Áirítear léi baint an linbh le gníomhartha gnéis (glacaireacht, muirniú, gnéas béil nó treáiteacht) nó nochtadh an linbh do ghníomhaíocht ghnéasach go díreach nó tríd an bporagrafaíocht.

Féadann drochúsáid ghnéasach leanáí speictream leathan gníomhaíochtaí drochúsáideacha a chlúdach. Is annamh a bhaineann díreach teagmhas amháin léi, agus tarlaíonn sí thar achar roinnt blianta i roinnt cásanna. Is coitianta a tharlaíonn an drochúsáid ghnéasach laistigh den teaghlach, lena n-áirítear siblíní níos sine agus daoine muinteartha.

Tagann cásanna drochúsáide gnéasaí chun cinn den chuid is mó trí nochtadh ag an leanbh nó a siblíní/gcairde, ó amhrais le duine fásta, agus/nó le hairíonna colanda.

Ba chóir go meabhrófaí go bhféadann an ghníomhaíocht ghnéasach le duine óg bheith ina drochúsáid ghnéasach fiú mura n-aithníonn an duine óg i gceist í mar dhrochúsáideach.

Áirítear na samplaí seo a leanas leis an drochúsáid ghnéasach:

- Gníomh gnéasach ar bith a dhéantar d'aontoil i láithreach linbh
- Cuireadh chun méirínteachta gnéasaí nó méirínteacht nó ainteagmháil d'aon ghnó ar chorp linbh, bíodh sí ag duine nó ag oibiacht éigin chun críche an spreagtha nó an tsásaimh ghnéasaigh
- Glacaireacht i láithreach linbh nó baint linbh le gníomh glacaireachta
- Comhriachtain ghnéasach le leanbh, bíodh sí ina gnéas béil, faighne nó tóna
 - » Cuireadh, spreagadh nó comhéigniú linbh chun bheith páirteach sa striapachas nó i dtáirgeadh na pornagrafaíochta linbh [mar shampla, nochtadh, mainicíneacht nó galamaisíocht chun críche an spreagtha, an tsásaimh ghnéasaigh nó gnímh ghnéasaigh éigin, lena n-áirítear a thaifeadadh (ar scannán, fístéip nó meáin eile) nó mí-ionramháil, chun na gcríoch úd, d'íomhá le ríomhaire nó le bealach éigin eile]
 - » Cuireadh a thabhairt do, comhéigniú nó spreagadh do leanbh chun bheith páirteach in aon ghníomh gnéasach, mígheanasach nó chun féachaint orthu
 - » Ábhar gáirsiúil a thaispeáint do leanaí, ar minic é ina ghné den phróiseas 'mealltóireachta' ag na daoine a dhéanann drochúsáid
- Nochtadh linbh d'ábhar míchuí nó drochúsáideach trí fhaisnéis na teicneolaíochta agus na cumarsáide
- Gníomhaíocht ghnéasach chomhthoiliúil lena mbaineann aosach agus duine faoi aois

Is é An Garda Síochána a phléifidh le gnéithe coiriúla ar bith de chás drochúsáide faoin reachtaíocht ábhartha um cheartas coiriúil. Breithneofar ionchúiseamh ciona ghnéasaigh i gcoinne linbh laistigh de chuspóir foriomlán leas agus chosaint an linbh. Is í sábháilteacht an linbh a bhíonn in uachtar, agus níor cheart sábháilteacht linbh bheith i mbaol ag céim ar bith mar gheall ar imní faoi shláine imscrúdaithe choiriúil.

Maidir leis an mí-úsáid ghnéasach ar leanaí, ba chóir go dtabharfaí faoi deara gurb ionann aois na comhthola le comhriachtain ghnéasach sa dlí coiriúil agus 17 bliain do bhuachaillí agus cailíní araon. Is mídhleathach é caidreamh collaí ar bith mar a mbíonn páirtí amháin nó an bheirt pháirtithe faoi aois 17 bliain. B'fhéidir ámh nach mbreathnófaí air mar dhrochúsáid ghnéasach ar leanbh. Is féidir teacht ar mhionsonraí na ndíolúintí do thuairisciú sainordaithe cásanna gníomhaíochta gnéasaí comhthoiliúla faoi aois áirithe i gCaibidil 3 den Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanáí (<https://www.tusla.ie/uploads/content/20171002ChildrenFirst2017Gaeilge.pdf>).

Na cúinsí ina n-éiríonn leanaí níos leochailí don díobháil

Má bhíonn tú ag plé le leanaí, caitheann tú bheith ar an airdeall faoin bhféidearthacht go dtiocfaidh imní leasa nó cosanta aníos i ndáil le leanbh a thagann os do chomhair. Caitheann duine iontaofa bheith ag leanbh chun is go mbraithfidís iontaoibh chun bheith in ann a ndrochúsáid a nochtadh. Caithfidh a fhios bheith acu go gcreidfear iad agus go bhfaighidh siad an cúnaimh a theastaíonn uathu. Féadann siad bheith leochaileach don drochúsáid leanúnach mura mbíonn na nithe sin ar fáil.

Féadann leanaí áirithe bheith níos leochailí don drochúsáid ná leanaí eile. D'fhéadfadh tráthanna nó cúinsí sonracha bheith i gceist freisin nuair a fhéadann leanbh bheith níos leochailí don drochúsáid ina mbeatha. Na leanaí le míchumais, le deacrachtaí cumarsáide, faoi chúram agus ina gcónaí as baile, nó leanaí le tuismitheoir nó le tuismitheoirí dá mbaineann fadhbanna ina mbeatha féin; is féidir leo bheith níos leochailí don díobháil.

Tá an liosta seo a leanas ceaptha chun cabhrú leat chun an réimse saincheisteanna a aithint i mbeatha linbh lena féidir iad a chur i mbaol níos mó na drochúsáide nó na faillí.

Tá sé tábhachtach go gcuimhneofa nach gá aon cheann de na fachtóirí seo bheith ann go mbítear ag baint drochúsáide as leanbh sna cúinsí nó sna himthosca úd.

- **Fachtóirí tuismitheora nó cúramóra:**
 - » Mí-úsáid drugaí/alcóil
 - » Andúile, lena n-áirítear an cearrbhachas
 - » Saincheisteanna meabhairshláinte
 - » Saincheisteanna le míchumas tuismitheoirí, lena n-áirítear míchumas foghlama nó intleachtúil
 - » Caidrimh achrannacha
 - » Foréigean teaghlaigh
 - » Tuismitheoirí is déagóirí

- **Fachtóirí linbh:**
 - » Aois
 - » Inscne
 - » Gnéasacht
 - » Míchumas
 - » Saincheisteanna meabhairshláinte, lena n-áirítear féindíobháil agus féinmharú
 - » Deacrachtaí cumarsáide
 - » Gáinneáil/Dúshaothrú
 - » Drochúsáid roimhe seo
 - » Cúramóir óg

- **Fachtóirí pobail:**
 - » Gnásanna cultúrtha, eitneacha, reiligiúnacha nó creideamhbhunaithe sa teaghlach nó sa phobal; b'fhéidir nach sásaíonn na caighdeáin leasa nó cosanta leanáí a theastaíonn sa dlínse seo
 - » Cleachtais sonracha do chultúr, lena n-áirítear:
 - Ciorrú baill ghiniúna ban
 - Pósadh éigeantais
 - Foréigean onóir-bhunaithe
 - Radacú

- **Fachtóirí comhshaoil:**
 - » Saincheisteanna tithíochta
 - » Leanáí a bhíonn as baile agus nach gcónaíonn lena dtuismitheoirí, bíodh sé go sealadach nó go buan
 - » Bochtanas/Impí déirce
 - » Tromaíocht
 - » Imníocha Idirlín agus i ndáil leis na meáin sóisialta

- **Inspreagadh nó toilteanas lag na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí chun bheith rannpháirteach:**
 - » Neamhfhreastal ag coinní
 - » Easpa léargais nó tuisceana ar an gcaoi a bhfuiltear ag dul i bhfeidhm ar an leanbh
 - » Easpa tuisceana faoin méid a chaithfidh a tharlú chun athrú a chur i gcrích
 - » Seachaint na teagmhála nó drogall chun saothrú leis na seirbhísí
 - » Éagumas nó neamhthoilteanas chun cloí le pleananna comhaontaithe

Ba chóir duit na fachtóirí sin a bhreithniú mar chuid den fhéidearthacht go bhféadann leanbh bheith i mbaol drochúsáid a fhulaingt agus nuair a thugtar imníocha réasúnta chun airde Tusla.

Tromaíocht

Aithnítear go dtéann an tromaíocht i bhfeidhm ar bheatha líon méadaitheach leanáí, agus is féidir inníocha fíora a ghiniúint léi faoi leas linbh.

Is féidir an tromaíocht a shainmhíniú mar ionsaí athfhillteach – bíodh sé íde béil, síceolaíochta nó fisiciúil – a dhéanann duine aonair nó grúpa i gcoinne daoine eile. Is iompar é a bhíonn cráiteach agus imeaglach d'aontoil, agus tarlaíonn sé den chuid is mó i measc leanáí i dtimpeallachtaí sóisialta ar nós (ach gan a bheith teoranta do) scoileanna. Áirítear léi nósanna iompair ar nós ionsaitheachta colanda, an chibearthromaíocht, damáiste do mhaoin, imeagla, leithlisiú/eisiamh, maslú, béadán mailíseach agus sracadh. Is féidir leis an tromaíocht bheith mar dhrochúsáid freisin bunaithe ar aitheantas inscne, rogha ghnéasach, cine, eitneachas agus fachtóirí reiligiúnacha. Is amhlaidh i gcás na bhforbairtí sa teicneolaíocht nua-aimseartha ar féidir le leanáí bheith ina n-íospartaigh freisin don tromaíocht neamhtheagmhálach, trí mheán na bhfón póca, an idirlín agus gaireas pearsanta eile.

Cé gur féidir tromaíocht a fheidmiú ar leanbh ar bith, féadann roinnt acu bheith níos leochailí di. Áirítear leo siúd: leanáí le míchumais nó le sainriachtanais oideachasúla; iad siúd ó mhionghrúpaí eitneacha agus imirceacha; ón Lucht Siúil; leanáí leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó trasinscneacha (LGBT) agus iad siúd a bhraitear mar leanáí LGBT; agus leanáí ó chreidimh reiligiúnacha mionlaigh.

Féadann leochaileacht mhéadaitheach bheith ann roimh an tromaíocht i measc leanáí le sainriachtanais oideachasúla. Is amhlaidh go háirithe an méid sin i measc iad siúd nach dtuigeann leideanna sóisialta agus/nó dá mbaineann deacrachtaí leo ag cumarsáid. B'fhéidir nach mbeadh tuiscint ag roinnt leanáí le riachtanais chasta ar imthosca sóisialta, agus go gcuirfidís muinín iomlán i ngach aon duine. Féadann na leanáí sin bheith níos leochailí toisc nach mbíonn na hoilteachtaí ná na hacmhainní sóisialta céanna acu le leanáí eile chun iompar tromaíochta a aithint agus chun iad féin a chosaint ina coinne.

Ba chóir do bhaill foirne bheith feasach faoin méid thuas agus súil a choimeád amach d'aon chomharthaí go mbeadh tromaíocht ar bun ar leanbh nó ar aosach leochaileach sa stáisiún agus iad seo a thuairisciú do OCL nó don LOCL. I gcásanna tromaíochta tromchúisí mar a meastar an t-iompar bheith beagnach drochúsáideach, b'fhéidir go gcaithfeá atreorú a dhéanamh chuig Tusla agus/nó chuig An Garda Síochána.

11. An Reachtaíocht Ábhartha

Tá roinnt eochairchodanna reachtaíochta ann a bhaineann le leas agus le cosaint leanaí. Tugtar leis an eolas anseo achoimre ghairid ar an reachtaíocht ábhartha. Níl sé ceaptha bheith ina thuairim ná comhairle dhlíthiúil, agus má bhítear in amhras faoi, ba cheart duit an bhunreachtaíocht a cheadú.

AN tACHT UM CHÚRAM LEANAÍ 1991

Is í seo eochair-reachtaíocht lena rialaítear beartas cúraim leanaí in Éirinn. Is faoin Acht sin a bhíonn freagracht ag Tusla chun leas leanaí nach bhfaigheann dóthain cúraim agus cosanta a chur chun cinn. Má fhaightear amach nach bhfaigheann leanbh dóthain cúraim agus cosanta, bíonn dualgas ar Tusla chun beart iomchuí a ghlacadh chun leas an linbh a chur chun cinn. D'fhéadfaí áireamh leis sin tacaíocht a thabhairt do theaghligh óna dteastaíonn cúnamh chun cúram agus cosaint a sholáthar dá leanaí. Is san Acht um Chúram Leanaí freisin a leagtar amach an chreatlach reachtúil chun leanaí a thabhairt i gcúram más gá.

AN tACHT UM CHOSAINT DAOINE A THUAIRISCIONN MÍ-ÚSÁID LEANAÍ 1998

Tugtar cosaint duit leis an Acht seo má thugann tuairisc faoi mhí-úsáid leanaí amhrasach d'oifigigh ainmnithe Tusla, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) nó do bhaill an Gharda chomh fada agus a dhéantar an tuairisc le dea-intinn agus nach mailíseach í. Áirítear le hoifigigh ainmnithe daoine údaraithe ag Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Tusla chun tuairiscí faoi imníocha sainordaithe a fháil agus a aithint i leith linbh ó dhaoine sainordaithe de réir an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015.

Ciallaíonn an chosaint dhlíthiúil seo fiú má thuairiscíonn tú cás de dhrochúsáid linbh amhrasach agus mura mbíonn foras ar bith leis, chaitheadh gearánaí a ghlacadh caingean cruthúnas a thabhairt nár fheidhmigh tú go réasúnta agus le dea-intinn nuair a rinne tú an tuairisc. Má dhéanann tú tuairisc le dea-intinn agus ar mhaithe le dea-leasanna an linbh, d'fhéadfaí bheith faoi chosaint freisin faoin dlí coiteann le cosaint na pribhléide cáilithe. Is féidir leat teacht ar an liosta iomlán daoine in Tusla agus sa HSE ar oifigigh ainmnithe iad faoin Acht 1998, ar láithreán gréasáin gach gníomhaireacht (www.tusla.ie agus www.hse.ie).

AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL 2006

Cruthaíodh cion de chur i mbaol meargánta leanaí le hAlt 176 den Acht seo. Duine le húdarás nó le smacht thar leanbh nó le mí-úsáideoir a chuireann leanbh i mbaol d'aontoil nó go meargánta; is féidir leo an cion sin a dhéanamh ach: 1. an leanbh a chur nó a cheartú dá gcur nó dá bhfágáil i suíomh ina gcruthaítear priacal substainteach don leanbh de bheith ina íospartach den díobháil thromchúiseach nó den mhí-úsáid ghnéasach; nó 2. Mainneachtain chun céimeanna réasúnta a ghlacadh chun leanbh a chosaint ó bheith i mbaol mar sin agus eolas acu go bhfuil an leanbh sa chás sin.

AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (FAISNÉIS UM CHIONTA IN AGHAIDH LEANAÍ AGUS DAOINE SOGHONTA A CHOINNEÁIL SIAR) 2012

Is faoin Acht sin ar cion coiriúil é chun faisnéis a choinneáil siar faoi chion tromchúiseach, lena n-áirítear cion gnéasach, i gcoinne duine faoi bhun 18 bliain d'aois nó i gcoinne duine leochailigh. Tagann an cion aníos mar a mbíonn a fhios ag duine nó mar a gcreideann siad go ndearnadh cion sonraithe i gcoinne linbh nó duine leochailigh, agus faisnéis acu lena gcuideofaí chun duine éigin eile a ghabháil, a ionchúiseamh nó a chiontú as an gcion sin, ach go mainníonn siad gan leithscéal réasúnta chun an fhaisnéis sin a nochtadh, chomh luath agus is indéanta, do bhall den Gharda Síochána.

Tagann na forálacha den reachtaíocht Choinneála Siar sa bhreis ar aon riachtanais tuairiscithe de réir an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015.

NA hACHTANNA UM AN MBIÚRÓ NÁISIÚNTA GRINNFHIOSRÚCHÁIN (LEANAÍ AGUS DAOINE SOGHONTA) 2012-2016

Bíonn sé éigeantach faoi na hAchtanna seo d'fhostóirí chun nochtuithe grinnfhiosrúcháin a fháil i ndáil le duine ar bith a dhéanann saothar ábhartha le leanaí nó le haosaigh shoghonta. Cruthaítear cionta agus pionóis leis na hAchtanna do dhaoine a mhainníonn chun comhlíonadh lena bhforálacha. Is sna hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012-2016 a leagtar amach na hoibleagáidí reachtúla ar fhostóirí i ndáil le riachtanais ghrinnfhiosrúcháin Gharda do dhaoine a oibríonn le leanaí agus le haosaigh shoghonta.

AN tACHT UM THÚS ÁITE DO LEANAÍ 2015

Is breiseán tábhachtach don chóras leasa agus cosanta leanaí é an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015, óir go gcuideoidh sé chun a chinntiú go dtugtar imníocha cosanta leanaí chun airde Tusla gan mhoill.

Foráiltear san Acht do thuairisciú éigeantach na n-imníocha leasa agus cosanta leanaí ag eochairghairmithe; measúnú priacail agus pleanáil chuimsitheach do bhéascna eagrúcháin láidir den chumhdach i ngach seirbhís a sholáthraítear do leanaí; foráil do chlár neamh-chomhlíonta; agus bonn taca reachtúil a thabhairt do Ghrúpa Forfheidhmithe Idir-Rannach um Thús Áite do Leanaí.

AN tACHT UM AN DLÍ COIRIÚIL (CIONTA GNÉASACHA) 2017

Tugtar aghaidh san Acht sin dúshaothrú gnéasach leanaí, agus díritear ann orthu siúd a dhéanann an ghníomhaíocht choiriúil sin. Cruthaítear cionta leis a bhaineann le fáil nó le soláthar leanaí chun críocha an dúshaothraithe ghnéasaigh. Cruthaítear cionta leis freisin de na cineálacha gníomhaíochta a fhéadann tarlú le linn na gcéimeanna luatha den phróiseas creachóireach roimh dhúshaothrú iarbhír linbh éigin, mar shampla, úsáid a bhaint as an teicneolaíocht nua-aimseartha chun teacht i dtír ar pháistí agus socruithe a dhéanamh chun bualadh le leanbh leis an rún chun an leanbh a dhúshaothrú go gnéasach. Aithnítear san Acht freisin gurb ann do chaidrimh chomhthoiliúla chomhaoiseacha faoi bhun na haoise mar a dtagann aon ghníomhaíocht ghnéasach taobh istigh de theorainneacha aoise diansainithe, agus nach imeaglach nó dúshaothraitheach é an caidreamh.

12. Plé le Líomhain Siarghabhálach

Féadann roinnt aosach drochúsáid a nochtadh, ar le linn a leanbhaoise a tharla sí. Féadann na nochtuithe sin teacht chun cinn nuair a fhreastalaíonn aosach ar chomhairleoireacht, nó nuair a thugtar cóireáil dóibh as fadhb shíciatrach nó shláinte éigin. Más comhairleoir nó gairmí sláinte tú mar shampla, agus go bhfaigheann tú nochtadh ó chliant go ndearnadh drochúsáid dóibh mar leanbh, ba chóir duit an t-eolas sin a thuairisciú le Tusla, óir go bhféadann priacal reatha bheith ag an mí-úsáideoir líomhnaithe do leanaí.

Má sholáthraíonn tú comhairleoireacht mar dhuine sainordaithe, moltar duit do chliant a chur ar an eolas, sula dtosaíonn an chomhairleoireacht, má thagann aon saincheistanna cosanta leanaí aníos agus gurb inaitheanta é an té a rinne an choir, nach mór duit an t-eolas a thabhairt do Tusla. Mura mbraitheann do chliant bheith in ann bheith rannpháirteach in imscrúdú ar bith, d'fhéadfaí srianta tromchúiseacha bheith ag Tusla ina gcumas chun freagairt don líomhain siarghabhálach.

Ní bhíonn feidhm leis na riachtanais tuairiscithe de réir an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 ach amháin d'eolas a fuair tú mar dhuine sainordaithe nó ar éirigh tú feasach faoi ó tháinig an tAcht féin i bhfeidhm, is cuma ar tharla an díobháil roimh an tráth sin nó ina dhiaidh sin. Má bhaineann imní réasúnta duit faoi dhrochúsáid roimhe seo, mar ar tháinig an t-eolas chun d'airde roimh an Acht agus go mbaineann priacal leanúnach féideartha le leanaí, ba chóir duit é a thuairisciú le Tusla faoin Treoir seo.

13. Oifigeach um Chosaint Leanaí


Is ionann Bainisteoir Stáisiúin Raidió na Life agus Oifigeach um Chosaint Leanaí (OCL) an stáisiúin. Is é ról an OCL ná:

- Feidhmiú dé réir na dtreoirlínte atá socraithe ag na húdaráis chuí agus aontaithe ag an stáisiún.
- Fáisnéis a thabhairt d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS/HSE) nó don Gharda Síochána faoi chásanna ina bhfuil amhrais nó líomhaintí faoi dhrochíde leanaí a bheith ag tarlú. (Tús Áite do Leanaí 2015)
- Bheith mar idirghabhálaí idir an stáisiún, an fhoireann, saorálaithe, an Bord Stiúrtha agus na húdaráis chuí de réir mar is gá.
- Teagmhálacha a chothú leis na húdaráis agus áisíneachtaí/grúpaí ábhartha.
- A chinntiú go bhfuil tacaíocht ar fáil do dhaoine atá tar éis fulaingt, agus do bhaill foirne atá ag tuairisciú cás nó a bhfuil líomhaintí curtha ina leith.
- Comhairle a chur ar fáil maidir le dea-chleachtais sa réimse seo.
- Cúrsaí agus ceardlanna oiliúna i dtaca le treoirlínte um chosaint leanaí agus aosaigh leochaileacha a eagrú.
- Taifead ceart a choinneáil go sábháilte agus faoi dhiscréid, ar gach cás a thuiriscítear dó/di.
- A bheith ar an eolas faoi na hathruithe reatha atá ag tarlú maidir le soláthar, cleachtais, seirbhísí, tacaíocht, dualgais agus riachtanais dhlíthiúla agus polasaithe.
- Maoinitheoirí Raidió na Life, i.e. Foras na Gaeilge, a chur ar an eolas faoi aon líomhaintí a dhéantar laistigh den stáisiún.

Má tharlaíonn sé go measann an OCL gur chúis imní í iompair nó droch-thionchar aon bhall foirne nó oibrí deonach, ní mór don mball foirne nó don oibrí deonach sin tarraingt siar ó gach gné den obair óige nó den teagmháil le daoine óga agus/nó den teagmháil le haosaigh leochaileacha i Raidió na Life, go dtí go ndéantar fiosrúchán agus go dtugtar breithiúnas ar an bhfiosrúchán sin.

Is féidir dul i dteagmháil leis an OCL ag 01 6616333 agus / nó bainisteoir@raidionalife.ie

Na céimeanna a mholann Raidió na Life má thuiriscíonn oibrí deonach amhras/faisnéis/líomhain faoi dhuine eile san eagraíocht:




An Próiseas

- Cuirfidh an tOibrí Deonach an tOifigeach um Chosaint Leanáí ar an eolas faoin amhras/bhfaisnéis/rud a thug sé/sí faoi deara.
- Má chuireann an tOibrí Deonach duine den bhfoireann ar an eolas ar dtús is cóir don ball foirme sin, gan ach an t-íosmhéid eolais a lorg agus an tOibrí Deonach a chur i dteagmháil leis an Oifigeach um Chosaint Leanáí.
- Cuirfidh an tOifigeach um Chosaint Leanáí tuairisc ar fáil don mBord Stiúrtha de réir mar atá leagtha amach sa pholasáí.

I gcásanna ina ndéanann eagraíocht cinneadh nár chóir faisnéis a chur chuig Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte ná chuig an Garda Síochána is cóir ráiteas scríofa a thugann na cúiseanna nach bhfuil an eagraíocht chun gníomhú a thabhairt don fhostaí nó don oibrí deonach a d'ardaigh an cheist ar dtús.


Ba chóir a chomhairliú dó/di go bhfuil lánchead aige/aici comhairle a lorg ó, nó faisnéis a chur ar fáil don FSS nó don Gharda Síochána má tá imní orthu faoin chás go fóill. Beidh feidhm ag forálacha an Achta Um Chosaint do Dhaoine a Thuirisceoidh Droch-úsáid Leanáí, 1998 chomh fada is go ngníomhaíonn siad 'de réir réasúin agus le dea-iontaoibh'. (Foinse: Tús Áite do Leanáí Lch. 50)

Na céimeanna a mholann Raidió na Life má tá amhras ar fhostaí nó má tá faisnéis/líomhain aige/aici faoi oibrí deonach:



Is cóir don bhfostaí an tOifigeach um Chosaint Leanáí a chur ar an eolas. Pléifidh seisean/sise an cás agus cuideoidh sé/sí de réir mar atá leagtha amach thuas. Cuirfidh an tOCL tuairisc ar fáil don mBord Stiúrtha, faoi réir na gcoinníollacha atá liostáilte thuas. Bunaithe ar an tuairisc seo tabharfaidh an Bord comhairle don OCL faoi cén slí is fearr gluaiseacht chun tosaigh.

Na céimeanna a mholann Raidió na Life má dhéantar líomhain i leith bhall foirne nó má tá amhras faoi bhall foirne:



Is cóir don bhfostaí nó don saorálaí an tOifigeach um Chosaint Leanáí a chur ar an eolas. Scrúdóidh an tOCL an cás agus gach eolas agus/nó aon fhianaise a chuirtear os a c(h)omhair agus cuirfidh sé/sí an Bord Stiúrtha ar an eolas faoin gcás a luaithe agus is féidir. Bunaithe ar an eolas a thugtar don mBord, tabharfaidh an Bord treoir don OCL faoi cén slí is fearr gluaiseacht chun tosaigh, nó féadfaidh an Bord mar is cuí leis féin teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána nó leis an Oibrí Sóisialta go díreach.

Má thugtar eolas don Oifigeach um Chosaint Leanáí faoi líomhain i gcoinne ball foirne, ba chóir Bord Stiúrtha Raidió na Life a chur ar an eolas láithreach bonn, sula ndéantar aon fhiosruithe eile.

Go haitéarnach, go háirithe má tá aon cheist faoi líomhain a bheith á dhéanamh i gcoinne an OCL féin nó an Leas-OCL, is féidir le saorálaí nó fostaí dul go díreach i dteagmháil leis an mBord Stiúrtha.

Foirm Chlárúcháin / Iarratais

Ainm: _____

Seoladh: _____

Uimhir Ghutháin [ar a laghad ceann amháin **RIACHTANACH**]: Baile: _____ (Póca): _____

Ríomhphost [**RIACHTANACH**] (*Scríobh go soiléir le do thoil*): _____

Dáta Breithe: _____ (*má tá tú os cionn 21 bliain d'aois, ní gá an rannóg seo a líonadh más fearr leat é a fhágaint glan*)

Cén áit ar chuala tú faoi Raidió na Life 106.4FM (más cuimhin leat)? _____

Tá suim agam in obair dheonach a dhéanamh le Raidió na Life. Aontaím le mo chuid sonraí teagmhála agus na sonraí a thugaim sa bhfoirm seo a bheith cláraithe le bunachar sonraí teagmhála an stáisiúin, agus le liosta nuachtlitreach Raidió na Life.

Conas mar a dhéanfá féin cur síos ar an gcaighdeán Gaeilge atá agat? (*Cuir tic sna boscaí cuí*)

Cainteoir Dúchais	<input type="checkbox"/>	Réasúnta, ach d'fhéadfainn feabhsú	<input type="checkbox"/>
Líofa	<input type="checkbox"/>	As cleachtadh / Lag	<input type="checkbox"/>
Go Maith	<input type="checkbox"/>	Foghlaimoír	<input type="checkbox"/>

An bhfuil aon taithí agat in aon cheann de na réimsí seo thíos? (*Cuir tic sna boscaí cuí*)

Taighde (<i>Research</i>):	<input type="checkbox"/>	Innealtóireacht Fuaime:	<input type="checkbox"/>
Láithriú (<i>Presenting</i>):	<input type="checkbox"/>	(<i>Sound Engineering</i>)	
Léiriú (<i>Production</i>):	<input type="checkbox"/>	Eagarthóireacht Fuaime:	<input type="checkbox"/>
		(<i>Sound Editing, m.sh. Adobe Audition, ProTools</i>)	

Cathain a bhfuil tú ar fáil (Cén lá nó laethanta den tseachtain agus cén amanna)? Cuir tic i ngach bosca ina bhfuil féidearthacht ann go mbeifeá ar fáil

Am	Luan	Máirt	Céadaoin	Déardaoin	Aoine	Satharn	Domhnach
Maidin							
Iarnóin							
Trathnóna							
Oíche							

Cén saghas oibre ar mhaith leat a dhéanamh linn? (*Cuir tic in aon cheann de na boscaí thíos atá bailí. Is féidir níos mó ná ceann amháin a roghnú. Úsáid an spás breise thíos le tuilleadh eolais a thabhairt dúinn, más cuí*)

Taighde ar chlár cainte	<input type="checkbox"/>	An Nuacht a scríobh agus a léamh	<input type="checkbox"/>
Clár cainte a chur i láthair	<input type="checkbox"/>	An deasc fuaime a reachtáil & obair fuaime eile	<input type="checkbox"/>
Clár ceoil a chur i láthair	<input type="checkbox"/>	Eile (Tabhair sonraí sa spás thíos)	
Meascán ceoil is cainte a chur i láthair	<input type="checkbox"/>		

Tuilleadh eolais (más cuí):

Caitheamh Aimsire/Suimeanna?

An bhfuil aon riachtanais speisialta agat? (má tá, tabhair sonraí)

An bhfuil taifead coiriúil agat? (má tá, tabhair sonraí)

Rannóg ar Chosaint Leanáí agus Aosaigh Leochaileacha

Tá leas gach ball foirne agus gach saorálaí tábhachtach do Raidió na Life. Tá sé seo rí-thábhachtach go háirithe i ngnéithe dár gcuid oibre a bhaineann le daoine óga agus/nó le haosaigh leochaileacha. Cé nach eagrais óige muid, bíonn daoine óga ag obair linn. Tá sé de dhualgas orainn gach rud gur féidir linn a dhéanamh le cosaint a thabhairt do na daoine óga sin – agus d'aoisigh leochaileacha – le linn dóibh a bheith ar an láthair i Raidió na Life nó ag glacadh páirte in imeachtaí an stáisiúin. Tá sé mar aidhm againn timpeallacht slán agus taitneamhach a chur ar fáil do gach duine i Raidió na Life.

Le go mbeidh ár ndualgais á gcomhlíonadh againn, ní mór do gach saorálaí nua dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána (Garda Vetting). Is próiseas sách simplí atá i gceist anseo agus níor cheart go mbeadh inní ort faoi. Is é an chéad chéim sa phróiseas seo ná an fhoirm faoi iamh - **Foirm NVB 1 Cuireadh Chun Grinnfhiosrúcháin – a líonadh isteach agus a thabhairt do Bhainisteoir Raidió na Life. **Tá sé éigeantach an fhoirm seo a chomhlíonadh a luaithe agus is féidir.****

Sa bhreis ar an bhfoirm NVB 1 a líonadh isteach, iarraidimid ar iarrthóirí cúpla ceist bhreise a fhreagairt anseo thíos. Muna mbaineann siad leat, is leor 'N/bh' ('Ní bhaineann') a scríobh.

1. Tabhair sonraí faoi aon oiliúint i gcúrsaí óige nó aon taithí nó baint atá nó bhí agat le himeachtaí óige nó clubanna óige nó obair le haosaigh leochaileacha roimhe seo:

2. An bhfuil tú ag fulaingt le haon donacht / míchumas / aicíd a d'fhéadfadh cur isteach ag amanna ar do chumas oibriú le daoine óga nó le haosaigh leochaileacha? Má tá, tabhair sonraí le do thoil.

*D'fhéadfadh sé tarlú go lorgódh muid teistiméireacht nó teistiméireachtaí duit sula dtugaimid cead duit obair dheonach a dhéanamh le Raidió na Life. Tabhair ainm, seoladh, uimhreacha fóin agus teideal de **bheirt** (nach bhfuil aon ghaol agat leo), a bhfuil aithne mhaith acu ort agus a bheidh ábalta teistiméireacht a chur ar fáil dúinn (tá foirm teistiméireachta ar fáil ag leathanaigh 18-19 den lámhleabhar seo):*

Ainm 1: _____ **Slí Bheatha (más eol duit í):** _____

Seoladh: _____

Uimhir Ghutháin _____ **Seoladh Ríomhphoist (más eol duit é):** _____

Ainm 2: _____ **Slí Bheatha (más eol duit í):** _____

Seoladh: _____

Uimhir Ghutháin _____ **Seoladh Ríomhphoist (más eol duit é):** _____

DEIMHNIÚ:

Deimhním nach bhfuil aon rud i mo chúla pearsanta ná gairmiúil a thabharfadh le fios nach duine oiriúnach mé le bheith ag obair i Raidió na Life, go háirithe le daoine óga nó le haosaigh leochaileacha. Deimhním go bhfuil an t-eolas atá tugtha agam sa bhfoirm seo fíor agus cruinn agus go bhfuil mé sásta cloí leis na téarmaí agus na coinníollacha ballraíochta agus rialacha craolacháin atá ag Raidió na Life.

Síniú _____ Dáta _____

Raidió na Life – Cuireadh chun Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána



Treoiríníte maidir leis an bhFoirm um Chuireadh Chun Grinnfhiosrúcháin (NVB 1) a chomhlánú

Léigh na treoiríníte seo a leanas roimh an bhfoirm a chomhlánú.

Ábhair Ilghnéitheacha

Ní mór an Fhoirm seo a chomhlánú ina hiomláine le **BLOCLITREACHA** agus ní mór scríbhneoireacht a bheith soiléir agus soléite.

Ba chóir an Fhoirm a chomhlánú le peann gránbhiorach.

Ní ghlacfar le fótachóipeanna.

Iarrfar ar iarratasóirí cáipéisí a chur ar fáil lena n-aitheantas a dheimhniú.

Má tá an t-iarratasóir faoi 18 mbliana d'aois, is gá Foirm Tola Tuismitheora/Caomhnóra NVB 3 a chomhlánú. Tabhair faoi deara i gcás iarratasóir faoi 18, seolfar an comhfhreagras leictreonach chuig an Tuismitheoir/Caomhnóir. Sa chás seo, ní mór don iarratasóir seoladh ríomhphoist an Tuismitheora/Caomhnóra a chur ar fáil ar an bhfoirm seo.

Sonraí Pearsanta

Cuir sonraí i ngach réimse, bloclitir i ngach bosca.

I réimse an Dáta Breithe, cuir digit amháin i ngach bosca.

Cuir isteach do Sheoladh Ríomhphoist, agus carachtar/siombail amháin i ngach bosca. Tá gá leis seo ós rud é go seolfar an cuireadh chun an tsuímh idirlín ríomh-ghrinnfhiosrúcháin chuig an seoladh seo.

Cuir digit amháin i ngach bosca do d'uimhir theagmhála.

Do Sheoladh Reatha is ea an seoladh a bhfuil cónaí ort ann faoi láthair.

Ní mór réimsí na seoltaí a chomhlánú ina n-iomláine, lena n-áirítear Eircode/Postchód. Ná tabhair giorrúcháin.

An ról a bhfuiltear do do ghrinnfhiosrú lena aghaidh

Ní mór an ról a bhfuiltear ag cur isteach air a shonrú go soiléir. Ní leor téarmaí ginearálta ar nós “Oibrí Deonach”.

Dearbhú Iarratais

Ní mór d'iarratasóirí a dheimhniú go dtuigeann siad agus go nglacann siad leis an dá ráiteas tríd an bhfoirm iarratais a shíniú ag Cuid 2 agus an bosca a thiceáil.

Raidió na Life
63 – 66 Sráid Amiens
Baile Átha Cliath 1.



Do Chód Tagartha:

--

Foirm NVB 1

Cuireadh Chun Grinnfhiosrúcháin

Cuid 1 - Sonraí Pearsanta

Faoi Alt 26(b) de na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016, coir atá ann ráiteas bréagach a thabhairt ar mhaithe le faisnéisiú grinnfhiosrúcháin a fháil.

Céadainm(neacha):	
Lárainm:	
Sloinne:	
Dáta Breithe:	/ /
Seoladh Ríomhphoist: <small>(tuismitheoirí más faoi 18)</small>	
Uimhir Theagmhála:	
An ról a bhfuiltear do do ghrinnfhiosrú lena haghaidh	

Seoladh Reatha:

Líne 1:	
Líne 2:	
Líne 3:	
Líne 4:	
Líne 5:	
Eircode/Postchód:	

Cuid 2 - Eolas Breise

Ainm na hEagraíochta:

--

Tá cáipéisí curtha ar fáil agam chun m'aitheantas a dheimhniú de réir mar is gá agus toilím leis an iarratas seo a dhéanamh agus leis an bhfaisnéisiú eolais ón mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin chuig an Duine Teagmhála de bhun Alt 13(4)(e) de na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016. Ticeáil an bosca

Síniú an Iarratasóra:

--

Dáta:

 /

 /

Nóta: Seol an fhoirm seo ar ais chuig an eagraíocht a luaitear thuas. Seolfar ansin cuireadh chuig an suíomh idirlín ²⁶ ríomh-ghrinnfhiosrúcháin chuig do sheoladh ríomhphoist.

Raidió na Life

Foirm Teistiméireachta D'oibríthe Deonacha

Tá _____ tar éis spéis a léiriú in obair dheonach a dhéanamh agus tá seans go mbeidh sé/sí i dteagmháil rialta le daoine óga agus/nó go mbeidh teagmháil aige/aici le haosaigh leochaileacha. Mar eagraíocht atá ag obair le daoine óga agus le haosaigh leochaileacha, is mian linn a fháil amach an bhfuil aon bhuairt ort faoin iarrthóir seo a bheith i dteagmháil le daoine óga nó le haosaigh leochaileacha.

Tá

Níl

Má d'fhreagair tú 'Tá', déanfaimid teagmháil leat go discrèdeach.

Má d'fhreagair tú 'Níl' agus má tá tú sásta an teistiméireacht seo a chomhlíonadh, coinneofar an t-eolas atá ar an bhfoirm seo faoi dhiscréd iomlán. Den chuid is mó, ní thabharfar é ach don mBainisteoir Stáisiúin má thairiscítear post dó/di mar oibrí deonach. I gcásanna eisceachtúla, d'fhéadfaí an t-eolas a roinnt le Bord Stiúrtha Raidió na Life. Is ábhar go huile agus go hiomlán faoi rún atá anseo agus ní gá duit a bheith buartha faoi aon bhreithiúnas a thugann tú ar an duine seo. Is mian linn ár mbuíochas a chur in iúl duit as ucht an fhoirm seo a chomhlánú.

Cé chomh fada agus atá aithne agat ar an duine seo (go garbh)? _____

Cén chomhthéacs ina bhfuil aithne agat air/uirthi? _____

Cad iad na buanna atá ag an duine seo a fhágann go bhfuil sé/sí oiriúnach le bheith ina (h)oibrí deonach in eagraíocht ar nós Raidió na Life?

Tabhair do mheas ar an duine seo, faoi na ceannteidil seo a leanas, de réir an scála thíos.
(Cuir tic ar cheann amháin i ngach rannóg)

	Lag	Measartha	Go Maith	An-Mhaith	Ar Fheabhas
Freagracht					
Aibíocht					
Iontaofacht					
Inmhuiníne					

Ainm (i mBlóclítreacha): _____

Sínte: _____ Dáta: _____

Raidió na Life

Volunteer Reference Form

_____ has expressed an interest in becoming a volunteer and has given your name as a referee. This position may involve access to young people and/or to vulnerable adults. As an organisation committed to the welfare of young people and vulnerable adults, we are anxious to know if you have any reason at all to be concerned about this applicant being in contact with young people and/or vulnerable adults.

- Yes**
- No**

If you answered, “**Yes**” we will contact you in confidence.

If you answered “**No**” and are happy to complete this reference, all the information contained in this form will remain absolutely confidential. In most cases, it will only be shared with the Station Manager should he/she be offered a volunteer position. In exceptional circumstances, the information may be shared with the Board of Directors. We would appreciate you being completely honest and as candid as possible in your evaluation of this person and we thank you in advance for completing this form.

How long have you known this person (roughly)? _____

In what capacity? _____

What attributes does this person have that would make them a suitable volunteer in an organisation such as Raidió na Life?

Please rate this person under the following headings (tick the box most applicable)

	Poor	Average	Good	Very Good	Excellent
Responsibility					
Maturity					
Trustworthiness					
Reliability					

Name (in Block Capitals): _____

Signed: _____ **Date:** _____

Raidió na Life
Foirm Cheadaithe ó Thuismitheoirí
(Parental Consent From)

Ní mór do thuismitheoirí an fhoirm seo a líonadh isteach agus í a thabhairt ar ais do Bhainisteoir Stáisiúin Raidió na Life.
(Parents must complete this form and return it to the Station Manager in Raidió na Life).

Ainm an Tuismitheora/Chaomhnóra (scríobh go soiléir, le do thoil): _____
Parent's/Guardian's name (please write clearly)

Gaol leis an bpáiste (i.e. Máthair / Athair / Caomhnóir): _____
Relationship with the child (i.e. Mother / Father / Guardian)

CEAD TUISMITHEORA LE PÁIRT A GHLACADH:
Parental Permission to Take Part:

Tá cead ag (cuir isteach ainm do pháiste anseo →) _____
páirt a ghlacadh i Raidió na Life ar bhonn deonach.

I give permission to _____ (←enter your child's name here)
to take part in Raidió na Life as a volunteer.

SONRAÍ EILE:
Other details:

Ainmneacha Thuismitheoirí/Caomhnóirí eile (*Other Parents'/ Guardians' Names*):

Tuismitheoir / Caomhnóir 1 (*Parent / Guardian 1*): _____

Uimhir Ghutháin (*Phone No.*): _____

Tuismitheoir / Caomhnóir 2 [má bhaineann] (*Parent / Guardian 2 [if applicable]*): _____

Uimhir Ghutháin (*Phone No.*): _____

Caomhnóir(i) eile, má bhaineann (*Other guardian(s), if applicable*): _____

Uimhir Ghutháin (*Phone No.*): _____

An gnáth-modh taistil a bheidh ag an saorálaí chuig Raidió na Life, i.e. Carr, Bus, Siúl, srl. (*The usual means of travel which the volunteer will take to Raidió na Life, i.e. car, bus, walking, etc.*):

Go dtí an stáisiún (*to the station*): _____

Ón stáisiún (*from the station*): _____

N.B.

Sa chás go bhfágann tuismitheoir an páiste ag an stáisiún iad féin, ba cheart dóibh a chinntiú agus na páistí/déagóirí á bhfágáil ag an doras, go bhfuil an stáisiún ar oscailt agus go bhfuil ball foirne i láthair.
(*Where parents drop their child off at the station themselves, they should ensure when leaving children at the door that the station is open and that a staff member is present.*)

TIMPISTÍ agus TINNIS / ACCIDENTS and ILLNESS:

I gcás timpiste/tinnis, d'fhéadfadh sé tarlú go measfadh ball nó baill foirne i Raidió na Life go mbeadh sé riachtanach go dtabharfaí do pháiste chuig dochtúir, chuig an ospidéal nó go nglaofaí ar otharcharr. Ina leithéid de chúinsí, déanfar gach iarracht dul i dteagmháil leat (an tuismitheoir/caomhnóir) agus tú a chur ar an eolas mar gheall ar an éigeandáil.

In the event of an accident/illness, a member or members of staff in Raidió na Life may deem it necessary to bring your child to a doctor, to a hospital or to call an ambulance. In such circumstances, every reasonable attempt shall be made to contact you (the parent/guardian) to inform them about the emergency.

Cé leis/léi gur chóir do Raidió na Life teagmháil a dhéanamh má éiríonn an páiste tinn nó má tharlaíonn timpiste dó/di?
(Who should Raidió na Life contact if the child is sick or if there is an accident?)

Ainm (Name): _____ Uimhir Ghutháin (Phone No.): _____

Gaol leis an bPáiste (Relationship with Child): _____

Seoladh (Address): _____

Sa chás nach bhfuil tuismitheoir ar fáil ainmnigh duine eile gur féidir linn dul i dteagmháil leo.
(If a parent is not available, name a person who we may contact).

Ainm (Name): _____ Uimhir Ghutháin (Phone No.): _____

Gaol leis an bPáiste (Relationship with Child): _____

Seoladh (Address): _____

An bhfuil aon fhadhb phearsanta nó tinneas a ba chóir (ar son leas an pháiste/déagóra) a bheith ar eolas ag baill foirne?
(Cuir tic sna boscaí cuí)

(Are there any personal difficulties or illness, which (for the child's welfare) should be made known to staff members? Please only tick the box if the answer is yes.)

- a) **Deacracht cainte/éisteachta** (Speech/hearing difficulty)
- b) **Diaibéiteas** (Diabetes)
- c) **Titimeas** (Epilepsy)
- d) **Haemaifilia** (Haemophilia)
- e) **Ailéirge** (Allergy) [Sonraigh le do thoil / Please Specify] _____
- f) **Plúchadh** (Asthma)
- g) **Aon fhadhb eile** (Any other problem) _____

Ní mór an comhaontú thíos a shíniú le go ligfí do do pháiste páirt a ghlacadh i Raidió na Life mar oibrí deonach.

The following agreement must be signed before your child is permitted to take part in Raidió na Life as a volunteer.

AONTÚ LE CÓIR LEIGHIS / AGREEMENT FOR MEDICAL TREATMENT:

Tá na treoracha thuas léite agam. Tuigim iad agus táim sásta leo. Tugaim cead cóir leighis a thabhairt do mo pháiste (thuasluaite) má tá dochtúir den tuairim go bhfuil sé ina riachtanas éigeandála agus nach bhfuiltear in ann teagmháil a dhéanamh liom tar éis iarracht réasúnta a bheith déanta ag foireann Raidió na Life chuige sin, sula dtugtar an chóir leighis do mo pháiste. Tugaim cead do bhall nó do bhaill d'fhoireann Raidió na Life mo mhac/iníon a thógáil chuig dochtúir nó ospidéal.

I have read the guidelines above. I understand them and am happy with them. I give consent to my child (mentioned above) receiving medical treatment if a doctor thinks it is required in an emergency and I cannot be contacted following reasonable attempts to do so prior to such treatment being administered. I understand that in the event of an emergency an ambulance may be called.

Ainm an Tuismitheora/Chaomhnóra (scríobh go soiléir, le do thoil): _____

Name of Parent/Guardian (please write clearly)

Síniú (Signature): _____ **Dáta (Date):** _____

Finné* (scríobh go soiléir, le do thoil): _____

Witness (please write clearly):*

Síniú (Signature): _____ **Dáta (Date):** _____

**D'fhéadfadh an finné a bheith ina d(h)arna tuismitheoir/caomhnóir nó finné eile os cionn 18 mbliana d'aois.*

**Witness may be a second parent/guardian or witness over 18 years of age.*

Foirm Faisnéise
Le líonadh isteach má tá aon bhuairt faoi Chosaint
Nó faoi Chúram Leanaí nó Aosaigh Leochaileacha

Dáta na Faisnéise:

Ainm an duine atá ag tabhairt na faisnéise:

Seoladh an duine atá ag tabhairt na faisnéise:

.....

An aithne atá ag an duine atá ag tabhairt na faisnéise ar an leanbh / duine óg / aosach leochaileach atá i gceist:

.....

An bealach inar tugadh an fhaisnéis (glao gutháin, ríomhphost, cuairt phearsanta chuig an oifig, litir, srl.):

.....

EOLAS FAOIN TEAGHLACH:

Eolas faoin pháiste/déagóir/duine óg/aosach leochaileach atá i gceist (tabhair a oiread sonraí agus atá ar eolas agat):

<p>Sloinne: _____</p> <p>Céad Ainm: _____</p> <p>Dáta Breithe: _____</p> <p>Inscne (Buachail/Cailín): _____</p> <p>Alias (ainmeacha eile a thugtar air/uirthi): _____</p> <p>Seoladh: _____</p> <p>_____</p> <p>Seoladh do chomhfhreagras (má tá sé éagsúil ón seoladh thuas):</p> <p>_____</p> <p>Uimhir Ghutháin: _____</p>

*Deimhnigh cé acu an mbaineann d'fhaisnéis le (a) amhras faoi dhrochíde linbh nó eolas faoi dhrochíde linbh, nó (b) éileamh ar thacaíocht don teaghlach. Tabhair cúiseanna.

	Drochíde	Fhisiciúil	Drochúsáid Ghnéis	Drochíde Mhothúcháin	Faillí
Amhras					
Faisnéis /Eolas					

*Eolas faoi dhaoine eile sa teaghlach/teach

Ainm	Aois	Gaol leis an Leanbh / Aosach Leochaileach	Fostóir / Scoil / Coláiste / Áit Cúraime	Áit

AINMEACHA DHAOINE GAIRMIÚLA EILE A BHÍONN AG DÉILEÁIL LEIS AN bPÁISTE/DÉAGÓIR/AOSACH LEOCHAILEACH AGUS/NÓ NA TUISMITHEOIRÍ/FEIGHLITHE/CÚRAMÓIRÍ.

Altra Sláinte Pobail: _____

Scoil: _____

Dochtúir: _____

Aon áisíneacht nó duine gairmiúil eile a bhfuil baint acu leis an scéal seo (abair cén bhaint atá acu leis):

*MIONEOLAS

Déan cur síos chomh hiomlán agus is féidir ar an fhadhb nó ar an eachtra atá á thuairisciú. Tabhair na hamanna agus na dátaí ar a tharla eachtraí ar leith, na cúinsí inar tharla siad, agus tabhair eolas faoi cé a bhí i láthair agus an bhaint a bhí acu leis an scéal:

An bhfuil aon mhíniú tugtha ag an bpáiste/déagóir, agus/nó ag an tuismitheoir/feighlí, ar an bhfadhb nó ar an eachtra reatha? (Tabhair eolas):

Chomh fada agus is féidir, déan cur síos ar staid fhisiciúil, intinne agus mhothúcháin an pháiste/déagóra:

Má tá líomhain á dhéanamh faoi dhrochíde pháiste/déagóra/aosaigh leochailigh, cén duine a mheastar a bheith taobh thiar de? Tabhair na sonraí seo a leanas (má tá siad ar eolas agat)

Ainm: _____

Seoladh: _____

An teagmháil a bhíonn aige/aici leis an bpáiste/déagóir/aosach leochaileach:

An teagmháil a bhíonn aige/aici le duine nó daoine óga eile agus/nó le haosaigh leochaileacha eile:

Tabhair mioneolas ar an mbaol a mheastar a bheith ann don pháiste/ déagóir/aosach leochaileach sa chás seo:

Conas ar tháinig tú ar an eolas seo?

Cad a spreag tú le faisnéis a thabhairt ag an bpointe seo?

Cén fhianaise atá ar fáil go bhfuil dochar á dhéanamh faoi láthair?

An bhfuil aon rud faoi chás an pháiste / déagóra / aosaigh leochailigh agus/nó na dtuismitheoirí / bhfeighlithe / cúramóirí faoi láthair a bhféadfadh baint a bheith aige leis? (Mar shampla - breoiteacht, bás, scaradh sa teaghlach le déanaí, mí-úsáid alcóil, drugaí nó eile, fadhb meabhairghalair, nó deacrachtaí eile?

An bhfuil aon rud faoi chás an pháiste / déagóra / aosaigh leochailigh agus/nó na dtuismitheoirí / bhfeighlithe / cúramóirí faoi láthair a d'fhéadfadh a bheith mar ábhar cosanta nó tacaíochta (mar shampla tacaíocht ó dhaoine eile den teaghlach nó ó dhaoine sa phobal)?

Ar glacadh aon chéimeanna le déileáil leis an bhfadhb/eachtra atá faoi chaibidil?

An bhfuil gá le gníomh cosanta práinneach ag an bpointe seo?

Aon eolas eile?

1) Sínithe _____ Dáta _____

2) Sínithe _____ Dáta _____

Úsáid an Idirlín, na Meáin Shóisialta, Íomhánna, srl.

Treoirínte maidir le Grianghrafadóireacht, Scannánaíocht agus Úsáid Íomhánna

D'fhéadfaí go mbeadh ábhair imní ann faoi na rioscaí atá ann go díreach nó go hindíreach do leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh leochaileacha ó ghrianghraif a úsáid ar shuíomhanna gréasáin agus i bhfoilseacháin eile. Is féidir grianghraif a úsáid chun leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh leochaileacha a shainnint nuair atá faisnéis phearsanta i dteannta leis an ngrianghraf – seo X a chónaíonn in Y, ball den chlub Z, a bhfuil dúil acu i ngrúpa ceoil áirithe. Is féidir le faisnéis mar sin duine a chur faoi riosca ó dhuine ar mhian leo mealltóireacht a dhéanamh ar an leanbh, duine óg agus/nó aosach leochaileach sin. Chomh maith leis sin, is féidir inneachar an ghrianghraif a oiriúnú lena úsáid go míchuí.

Aithníonn Raidió na Life an gá atá ann le polasaí a fhorbairt maidir le húsáid íomhánna leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh leochaileacha ar ár suíomh gréasáin, ar na meáin shóisialta agus i bhfoilseacháin eile. Tá machnamh déanta againn ar na cineálacha íomhánna atá oiriúnach agus a léiríonn ár gcuid oibre go cuí, gan leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh leochaileacha a chur faoi riosca dochair méadaithe. Cinnteoidimid go gcuirtear tuismitheoirí / caomhnóirí / cúramóirí ar an eolas faoin bpolasaí seo. Nuair atáthar ag meas na rioscaí féideartha a bhaineann le híomhánna (bíodh siad ina ngrianghraif nó ina bhfíseáin) d'obair Raidió na Life a úsáid, is é an toisc is tábhachtaí le bheith ar an airdeall mar gheall air ná úsáid mhíchuí fhéideartha d'íomhánna leanaí, daoine óga agus/nó aosach/aosaigh leochaileach(a).

Trí fheasacht a mhéadú ar na rioscaí féideartha agus bearta cuí a dhéanamh is féidir féidearthacht na míúsáide íomhánna a laghdú.

Agus cinnidh á nglacadh ag Raidió na Life le híomhánna a úsáid i ngnó an stáisiúin, déanfaimid machnamh ar shlite le rioscaí a bhaineann le húsáid íomhánna a laghdú. Roinnt roghanna a dhéanfar machnamh orthu ó thaobh úsáid íomhánna de i ngnó an stáisiúin ná:

- Mainicíní nó léaráidí a úsáid más ag cur gníomhaíochta chun cinn ina bhfuil daoine óga nó aosaigh leochaileacha ag glacadh páirte, atáimid.
- Aghaidheanna dhaoine óga nó aosaigh leochaileacha a gheamhú in aon ghrianghraif nó físeáin a d'úsáidfimis.
- Gan chéad ainm agus sloinne dhuine óig ná aosaigh leochailigh a úsáid i ngrianghraf. Laghdaíonn sé seo an riosca ar aird mhíchuí gan iarraidh a fháil ó dhaoine lasmuigh (nó laistigh) de Raidió na Life.

Is cóir na treoracha seo a leanas a leanúint:

- Má úsáidtear ainm linbh agus/nó aosaigh leochailigh, ná húsáid a ngrianghraf.
- Má úsáidtear grianghraf, ná hainmnigh an leanbh, duine óg agus/nó aosach leochaileach.
- Iarr cead an linbh nó an duine óig, mar aon le cead a dtuismitheora/chaomhnóra lena n-íomhá a úsáid. I gcás aosaigh leochailigh, is féidir leis seo a bheith níos casta, ag brath ar leibhéal féinriar an duine. Ba chóir, mar sin féin a gcead a lorg lena n-íomhá a úsáid, agus – nuair is cuí – cead a gcúramóra a iarraidh chomh maith. Cinntíonn sé seo go bhfuil daoine ar an eolas maidir leis an gcaoi a bhfuil na híomhánna díobh le húsáid ag Raidió na Life. Bealach amháin leis seo a bhaint amach ná cead le híomhánna de dhaoine a úsáid a lorg ar fhoirm cheadaithe an linbh, an duine óig agus/nó an aosaigh leochailigh.
- Ná húsáid ach íomhánna de leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh leochaileacha atá gléasta go cuí chun an riosca a bhaineann le húsáid mhíchuí a laghdú. Maidir leis an inneachar féin tá sé deacair a shonrú céard go díreach atá cuí ach is léir go bhfuil riosca mí-úsáide féideartha i bhfad níos mó ag baint le gníomhaíochtaí áirithe (i.e. snámh, gleacaíocht agus ócáidí faoin aer, cé go mb'fhéidir nach mbeadh a leithéid seo de ghníomhaíochtaí i gceist ró-mhinic nó in aon chor mar chuid d'obair Raidió na Life) ná mar a bhaineann le hócáidí eile. Le haon ghníomhaíochtaí mar seo is cóir d'inneachar an ghrianghraif díriú ar an ngníomhaíocht agus ní ar leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh leochaileacha

faoi leith, agus is cóir íomhánna den aghaidh iomlán agus den chorp a sheachaint. Mar shampla, bheadh leanáí, daoine óga agus/nó aosaigh leochaileacha i linn snámha cuí nó, más ar thaobh na linne atá siad, ón gcoim nó ón ngualainn suas.

- Is cóir a thuairisciú don Oifigeach um Chosaint Leanáí má úsáidtear íomhánna míchuí, agus leanfaidh sé/sí ár nósanna imeachta um chumhdach agus féadfaidh siad an cás nó na cásanna a atreorú chuig gníomhaireachtaí reachtúla.

Glacfaidh Raidió na Life céimeanna le bheith coinsiasach faoi:

- Aontú ar céard iad **na cineálacha íomhánna atá cuí agus sábháilte** le hobair Raidió na Life a léiriú go físiúil ar an idirlíon agus ar mheáin eile, mar shampla nuachtlitreacha, irisí, físeáin, cláir theilifíse, preaseisiúintí agus eile.
- Machnamh a dhéanamh i gcónaí ar na **bealaigh** ina n-úsáidimid / ina n-úsáidimid íomhánna de leanáí, daoine óga agus aosaigh leochaileacha.
- Nósanna imeachta inmheánacha a bhunú maidir le híomhánna cuí a) **a roghnú** agus b) **a úsáid** d'aon cheann de na spriocanna nó na meáin thuasluaite.
- Níos mó machnaimh a dhéanamh i gcás íomhánna de leanáí, daoine óga agus/nó aosach leochaileach a úsáidtear ar an suíomh gréasáin.

Grianghrafadóireacht / Scannánaíocht ag Ócáidí

Le rioscaí a bhaineann le grianghrafadóireacht / scannánaíocht le linn ócáidí agus/nó gníomhaíochtaí dár gcuid a mhaolú a oiread agus is féidir, déanfaidh Raidió na Life:

- treoir achomair shoiléir (m.sh. 1 x leathanach A4) a thabhairt do ghrianghrafadóirí maidir lena mheastar a bheith cuí i dtaobh inneachar agus iompraíocht;
- a iarraidh go gcaithfidh an grianghrafadóir oifigiúil aitheantas i gcónaí;
- a oiread agus atá praiticiúil, a chur in iúl do leanáí, daoine óga, aosaigh leochaileacha agus tuismitheoirí/caomhnóirí go mbeidh grianghrafadóir i láthair ag ócáid - má tá sé sin ar eolas ag Raidió na Life roimh ré - agus a chinntiú go dtoilíonn siad le físeáin nó grianghraif a ghlacadh nó a fhoilsiú
- gan rochtain gan mhairseacht a cheadú le leanáí, daoine óga nó aosaigh leochaileacha
- gan seisiúin ghrianghrafadóireachta a cheadú ina bhfuil duine amháin (i.e. grianghrafadóir) le duine amháin (i.e. leanbh / aosach leochaileach) agus gan aon duine eile ina dteannta
- gan toiliú do sheisiúin ghrianghrafadóireachta nó iad a cheadú taobh amuigh d'ócáidí eagraithe agus gan iad a cheadú ag baile an linbh nó an aosaigh leochailigh;
- a chinntiú más mian le tuismitheoir(i)/caomhnóir(i)/cúramóir(i) grianghraf nó físeán a ghlacadh ag ócáid go gcuirimid iad siúd ar an eolas chomh maith faoina bhfuilimid ag súil leis (m.sh. 1 x leathanach A4 cosúil leis an gceann a thabharfaí do ghrianghrafadóirí);
- foláireamh a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí agus lucht féachana/lucht tinrimh gur féidir iarmhairtí diúltacha a bhaint le híomhánna a chomhroinnt a bhaineann le heolas faoina leanáí/daoine óga/aosaigh leochaileacha nó faoi leanáí dhaoine eile ar mheáin shóisialta (Facebook, Twitter, Instagram srl) – agus gur chóir a bheith cúramach faoi chlibeáil;
- a chur in iúl do leanáí, daoine óga agus/nó aosaigh leochaileacha agus do thuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí má tá ábhair imní acu gur chóir dóibh iad seo a thuairisciú do bha(i)ll foirne;
- aon duine a bhfuil ábhair imní acu maidir le grianghrafadóireacht a mheasann siad í a bheith míchuí nó a chuireann isteach orthu a spreagadh len iad seo a thuairisciú do bhainisteoir na hócáide / ball nó baill foirne Raidió na Life atá i láthair agus déanfar iad seo a thaifeadh ar an gcaoi chéanna le haon ábhar imní eile maidir le cumhdach leanáí agus aosaigh leochaileacha.

Íomhánna/Teachtaireachtaí Gáirsiúla

D'fhéadfadh aon agus gach cás lena mbaineann cruthú, dáileadh nó seilbh íomhánna gáirsiúla de leanaí nó daoine óga a bheith coiriúil agus ba chóir iad a thuairisciú don Gharda Síochána.

Má fhaigheann ba(i)ll foirne/saorálai(the) íomhá gháirsiúil de leanbh/duine óg caithfidh siad seo a thuairisciú láithreach don Oifigeach um Chosaint Leanaí, a dhéanfaidh teagmháil leis na Gardaí.

Ná scrios an íomhá ach níor chóir duit i gcúinse ar bith an íomhá a shábháil d'aon ghnó (m.sh. é a íoslódáil d'aon ghnó chuig do ríomhaire nó do ghuthán póca) nó í a chur chuig duine eile (fiú an tOifigeach um Chosaint Leanaí) agus ná taispeáin d'aon duine eile í nó féadfaidh coir a bheith á déanamh agat. Tabharfaidh na Gardaí treoir ar cad atá le déanamh leis an íomhá tar éis dóibh í a athbhreithniú. Má fhaigheann ba(i)ll foirne/saorálai(the) íomhá nó teachtaireacht gháirsiúil ó aosach leochaileach a casadh orthu trína gcuid oibre le Raidió na Life, ba chóir dóibh seo a thuairisciú don Oifigeach um Chosaint Leanaí. Ná sábháil aon íomhánna nó d'fhéadfadh coir a bheith á déanamh agat. Má fhaigheann ba(i)ll foirne/saorálai(the) íomhá gháirsiúil ó leanbh/duine óg caithfidh siad seo a thuairisciú láithreach don Oifigeach um Chosaint Leanaí. I ngach cás, ba chóir duit rúndacht a choinneáil agus gan ach an tOifigeach um Chosaint Leanaí nó daoine ábhartha eile a chur ar an eolas.

Treoracha maidir le Meáin Shóisialta, Téacs, agus Ríomhphost

Aithníonn Raidió na Life gur uirlis thábhachtach iad na meáin shóisialta, teachtaireachtaí téacs agus ríomhphost le cumarsáid a dhéanamh lenár n-éisteoirí, ár gcraoltóirí agus ár saorálaithe, agus an pobal uile gur mian linn dul i dteagmháil leo. Tá daoine óga i measc an ghrúpa seo.

Cuireann úsáid na meáin sóisialta, teachtaireachtaí téacs agus ríomhphost le cumarsáid a dhéanamh le daoine le leochaileacht an úsáideora seirbhíse agus na mball foirne/saorálaithe a bhíonn á n-úsáid, araon.

Aithníonn Raidió na Life go n-áirítear ar na rioscaí um chumhdach do dhaoine óga agus aosaigh leochaileacha:

- rochtain mhíchuí ar shonraí pearsanta, iad a úsáid nó iad a chomhroinnt (e.g. ainmneacha, uimhreacha fóin póca);
- teagmháil gan iarraidh le leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh leochaileacha ag daoine fásta a bhfuil drochrún acu;
- bulaíocht trí théacs nó tríd an idirlíon ag comhaoisigh;
- ábhair ghránna nó míchuí ar bhealach eile a bheith curtha chucu;
- bulaíocht ar líne ag comhaoisigh;
- mealltóireacht le haghaidh mí-úsáid ghnéasach;
- teagmháil dhíreach agus mí-úsáid féin.

Do bhaill foirne/saorálaithe áirítear ar rioscaí a bhaineann le cumhdach:

- míchiall a bhaint as a gcumarsáid le leanaí/daoine óga/aosaigh leochaileacha;
- imscrúdú féideartha (inmheánach nó ag údarais reachtúla);
- gníomh smachta féideartha.

Na Meáin Shóisialta

Ní gá cead a thabhairt do bhaill foirne/saorálaithe meáin chumarsáide a úsáid ar chúiseanna pearsanta amháin ach bí eolach, le do thoil, go bhfuil tú i ról iontaoibhe, go bhféadfar go mbreathnófar ort mar ambasadóir do Raidió na Life – fiú lasmuigh d'uaireanta oibre agus lasmuigh den láthair oibre, agus i suíomhanna éagsúla – suíomhanna ar líne san áireamh – agus go gcomhairlítear duit a bheith san airdeall.

Is dea-chleachtas é glacadh leis go bhfuil gach rud a scríobhann tú ar líne buan agus gur féidir le haon duine breathnú air am ar bith. Chomh maith leis sin, glac leis gur féidir gach rud a rianú ar ais chugat go pearsanta, chomh maith le do chomhghleacaithe, nó chuig Raidió na Life mar d'fhostóir.

Caithfear úsáid mhíchuí na meán sóisialta ar nós cibearbhulaíocht nó gnéastéacsáil a thuairisciú láithreach don Oifigeach um Chosaint Leanáí. Má dhírítear eachtra mar seo ar an Oifigeach um Chosaint Leanáí caithfidh siad sin a chur in iúl don Leas-Oifigeach um Chosaint Leanáí láithreach.

Ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe a chinntiú nach bhfuil aon ní dá leanas ina n-inneachar nó i naisc go hinneachar eile:

- Ráitis chlúmillteacha, aithiseacha, bhulaíochta nó chiapthacha
- Sárúithe ar chóipcheart agus ar chosaint sonraí
- Ábhar de chineál mídhleathach
- Tagairtí gnéasacha gránna
- Teanga mhí-chuí

Moltar do bhaill foirne/saorálaithe a chinntiú go bhfuil socruithe imleora príobháideachais i bhfeidhm acu ar a gcuntais phearsanta ar líne le rochtain a shrianadh ar ghrianghraif, faisnéis phearsanta, ráitis faoi dhaoine eile, cairde, agus leantóirí do na daoine cuí.

Moltar do bhaill foirne agus do shaorálaithe a bpríobháideachas a chosaint ar líne. Ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe smaoineamh go cúramach faoi cé a dtugann siad rochtain dóibh ar a bhfaisnéis phearsanta ar líne.

Ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe a chinntiú go bhfuil idirdhealú soiléir ann idir aon phróifíilí pearsanta agus profisiúnta atá acu ar na meáin shóisialta agus ar líne go ginearálta.

Teagmháil le Leanáí/Daoine Óga

Níor chóir do bhaill foirne/saorálaithe leanáí nó daoine óga nó aosaigh leochaileacha a chastar orthu trína gcuid oibre le Raidió na Life a leanúint ar líne nó cairdeas a dhéanamh leo.

Má fhaigheann siad iarratas ar chairdeas mar seo ó leanbh/duine óg/aosach leochaileach níor chóir dóibh glacadh leis an iarratas agus ba chóir dóibh seo a thuairisciú don Oifigeach um Chosaint Leanáí. I gcomhthéacs pearsanta, chomhairleodh Raidió na Life do bhaill foirne/saorálaithe gan cairdeas a dhéanamh le leanáí nó daoine óga ná iad a leanúint ar mheáin shóisialta ach amháin má tá a dtuismitheoirí ar an eolas faoi agus má thoilíonn a dtuismitheoirí.

Má tá cuntas poiblí meáin shóisialta ag baill foirne/saorálaithe nach bhfuil smacht acu ar na leantóirí dó (i.e. Twitter, Instagram) ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe a bheith aireach, mar atá luaite faoin rannóg 'Meáin Shóisialta' thuas, go bhfuil tú i ról iontaoibhe, go bhféadfar go mbreathnófar ort mar ambasadóir do Raidió na Life – fiú lasmuigh d'uaireanta oibre agus lasmuigh den láthair oibre, agus i suíomhanna éagsúla – suíomhanna ar líne san áireamh – agus nach mór é seo a ghlacadh san áireamh agus tú ag póstáil ábhair ar líne nó ag scríobh aon rud ar líne.

Is dea-chleachtas é glacadh leis go bhfuil gach rud a scríobhann tú ar líne buan agus gur féidir le haon duine breathnú air am ar bith. Chomh maith leis sin, glac leis gur féidir gach rud a rianú ar ais chugat go pearsanta, chomh maith le do chomhghleacaithe, nó chuig Raidió na Life mar d'fhostóir.

Níor chóir do bhaill foirne/saorálaithe:

- teachtaireachtaí príobháideacha ar na meáin shóisialta a úsáid le heolas oifigiúil faoi ghníomhaíochtaí Raidió na Life a chur in iúl nó le socruithe oibre a dhéanamh;
- glacadh le hiarratais ar chairdeas nó leanúint taobh amuigh de théarmaí líonraí sóisialta (i.e. faoi 13 bliana d'aois do Facebook);
- tús a chur le comhrá i dteachtaireacht phríobháideach le leanbh nó duine óg nó aosach leochaileach a chas orthu trí Raidió na Life. Má fuair siad iarratas ar chairdeas mar seo ó leanbh/duine óg/aosach

leochaileach níor chóir dóibh freagairt don teachtaireacht agus ba chóir dóibh seo a thuairisciú don Oifigeach um Chosaint Leanaí.

Teachtairachtaí téacs agus ríomhphoist

Leis an riosca um chumhdach leanaí agus aosaigh leochaileacha a bhaineann le teachtaireachtaí téacs (feidhmchláir ar nós WhatsApp srl. san áireamh) nó ríomhphoist a úsáid:

- is cóir d’eagraíochtaí bearta a dhéanamh chun a aithint cén áit a bhfuil nó cén uair a bhfuil téacsáil nó ríomhphost ag teastáil chun cumarsáid a dhéanamh le leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh leochaileacha agus nósanna imeachta ábhartha a fhorbairt chun fónamh ar riachtanais ar leith gach eagraíochta;
- caithfidh ríomhphost a chuirtear é a **dhéanamh soiléir** don leanbh/aosach leochaileach a fhaigheann é **gurb é Raidió na Life a chuir an teachtaireacht**, seachas go díreach an seoladh ríomhphoist foinseach nó ainm duine a thabhairt;
- caithfear toiliú tuismitheora a fháil sula gcuirtear aon teachtaireacht téacs nó ríomhphoist chuig leanaí. Caithfear an rogha a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí a bheith cóipeáilte isteach (ríomhphost) nó curtha san áireamh in aon teachtaireachtaí a fhéadfar a chur chuig leanaí/aosaigh leochaileacha;
- caithfidh úsáideoirí sheirbhísí d’aosaigh leochaileacha toiliú le téacs nó ríomhphoist a fháil. Mura bhfuil an cumas ag an aosach leochaileach le toiliú ba chóir seo a fháil ó thuismitheoir/caomhnóir/cúramóir. I gcásanna mar seo na chóir an rogha a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí a bheith cóipeáilte isteach (ríomhphost) nó curtha san áireamh in aon teachtaireachtaí a fhéadfar a chur chuig an aosach leochaileach;
- ba chóir eolas a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí agus do bhaill foirme/saorálaithe maidir le teachtaireachtaí téacs míchuí de réir Pholasaí Raidió na Life um Chosaint Leanaí & Aosaigh Leochaileacha;
- ba chóir gach uimhir fóin agus/nó seoladh ríomhphoist a stóráil i gcaibinéad slán faoi ghlas nó ar chóras leictreonach faoi chosaint pasfhocail nach bhfuil rochtain air ach ag na baill foirne/saorálaithe is gá chun téacs nó ríomhphost a chur chuig na saorálaithe;
- ba chóir nach mbainfeadh inneachar teachtaireachtaí ach le gnó/gníomhaíochtaí Raidió na Life.
- níor chóir aon teanga ná aon íomhá (bíodh sé ina phictiúr nó ina ghrianghraif nó ina fhíseán nó eile) ghránna, mhaslach nó mhíchuí a bheith sna teachtaireachtaí téacs riamh agus caithfear aire a thabhairt aon ró-chairdeas nó teanga arbh fhéidir an chiall chontráilte nó míthuiscint a bhaint aisti a sheachaint;
- níor chóir saorálaithe ar leanaí nó aosaigh leochaileacha iad a spreagadh le téacsáil ar ais; b’fhéarr é a úsáid mar mhodh cumarsáide aon bhealaigh;
- ba chóir saorálaithe ar leanaí nó aosaigh leochaileacha iad a chur ar an eolas, má thograíonn siad nó más gá dóibh téacs a chur chuig ionadaithe Raidió na Life, gur chóir dóibh a chinntiú nach mbaineann ábhar teachtaireachtaí ach le nithe a bhaineann le gnó/gníomhaíochtaí Raidió na Life agus gur cheart dóibh a dtuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas go bhfuil téacs(anna) á seoladh acu chuig ionadaithe Raidió na Life agus gur cheart dóibh iad a chur ar an eolas faoi ábhar an téacs/na dtéacsanna.
- ba chóir an deis a thabhairt do gach saorálaí tarraingt siar óna thuilleadh teachtaireachtaí téacs a fháil – **chomh fada agus go bhfuil sé praiticiúil**. B’fhéidir go mbeadh cásanna nuair a dhéanadh an bhainistíocht cinneadh go bhfuil sé riachtanach grúp-théacs a sheoladh amach ón stáisiún agus nach mbeadh sé cuí an rogha a thabhairt do shaorálaithe gan é a fháil – i.e. fógra faoin stáisiún a bheith

dúnta; fógraí tábhachtacha faoi rialacha craolacháin (go háirithe ag amanna ar leith ar nós reifrinn, toghcháin srl.) nó rialacha tí gur gá do gach saorálaí a leanúint, srl.;

- déanfar machnamh ar thús a chur le polasaithe um nósanna imeachta smachta na heagraíochta má tharlaíonn aon sárú ar na treoirlínte seo, lena n-áirítear comhairliúchán le heagraíochtaí reachtúla nó atreorú chucu má thagann comharthaí chun solais ar ghníomhaíocht mhídhleathach (e.g. mealltóireacht le haghaidh mí-úsáide).

Introduction

This Policy for the Protection of Children and Vulnerable Adults has been developed and published by Raidió na Life to help us give the best possible protection to young people and vulnerable adults who take part in the station or who come into contact with the station.

Having a policy is no protection by itself. No policy in and of itself can protect young people or vulnerable adults, within or outside Raidió na Life. Structures must be implemented to ensure that young people, parents, carers, volunteers and staff members have the relevant information. All of these people should understand what is deemed as good behaviour and what is not permitted in the elements of the station's work which have to do with young people and vulnerable adults. When children, teenagers or vulnerable adults are taking part in the station we have an important role to play in protecting them people from harm.

